

# eDeposit Ireland

## Legal Aid Board Annual Report 2012

Item Type	report
Publisher	Legal Aid Board
Download date	2026-03-13 14:50:54
Link to Item	<a href="https://hdl.handle.net/20.500.14765/69854">https://hdl.handle.net/20.500.14765/69854</a>


# An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

## Tuarascáil Bhliantúil 2012



## Rochtain ar Dhlí agus Ceart

[www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie)



Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh



## Misean

Tá an Bord tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, chostéifeachtúil, agus inrochtana cúnamh agus comhairle dlí agus idirghabhála a sholáthar i gcomhréir le téarmaí ár sainordaithe reachtúil.

## Fís

Is í ár bhfís chun rochtain ar cheartas a éascú trí sheirbhís chomhairle agus chúnamh dhlíthiúil shibhialta a sholáthar ar féidir comparáid dhearfach a dhéanamh idir í agus dea-chleachtas ar fud an domhain.

## Rudaí a bhfuil Luach againn orthu

- Ardchaighdeáin ghairmiúla i soláthar ár seirbhísí.
- Freagracht ar éilimh chustaiméirí agus chomhpháirtithe leasmhara eile a chur chun cinn agus bheith oscailte i leith athrú.
- Ardchaighdeáin eiteacha.
- Ceannaireacht éifeachtach ar gach leibhéal.
- Costéifeachtúlacht agus luach ar airgead.
- Socruithe éifeachtacha freagrachta agus béim ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus ar bainistíocht ghníomhach riosca.



## Clár Ábhar

	Leathanach
Forbhreathnú	3
Brollach ón gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach	8
An Bord	12
An Fhoireann agus Struchtúr	13/14
Príomhéachtaí agus Forbairtí in 2012	15
An tSeirbhís a Soláthraíodh in 2012	18
An tSeirbhís a Fhorbairt	52
Tacú le Seachadadh Seirbhíse	56
Airgeadas	63
Aguisín 1 – Ráitis Airgeadais	68
Aguisín 2 – Úsáid Fuinnimh 2012	95
Aguisín 3 – Liosta na nIonad Dlí	97
Aguisín 4 – Liosta Oifigí na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh	105



## Forbhreathnú

### Feidhm agus Cuspóir

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as cúnamh dlíthiúil sibhialta agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha, i gcomhréir le forálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 (“an tAcht”). Rinneadh Alt 54 den Acht a leasú leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 agus leag sin cúram breise ar an mBord seirbhís idirghabhála teaghlaigh a sholáthar. Táthar ag cur de bhreis le sainchúram an Bhoird faoi láthair, i ndiaidh chinneadh an Rialtais in 2010, chun bainistíocht agus riarachán na Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil a chuimsiú ann, a bhí á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas roimhe seo. Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus as an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta (Scéim an Ard-Aighne roimhe seo) an 1 Meitheamh 2012.

Is éard is comhairle dlí ann ná comhairle ar bith ó bhéal nó i scríbhinn a thugann aturnaí nó abhcóide, lena n-áirítear litreacha a scríobh agus idirbheartaíochtaí a dhéanamh.

Is éard is cúnamh dlíthiúil ann ná nuair a dhéanann aturnaí nó abhcóide ionadaíocht thar ceann duine in imeachtaí cúirte. Caithfidh duine deimhniú um chúnamh dlíthiúil a fháil ar dtús, ina sonraítear na seirbhísí dlí atá á ndeonú, agus ní mór dó/di an ranníocaíocht um chúnamh dlíthiúil a shonraítear sa deimhniú a íoc.

Déantar seirbhísí dlí a sholáthar thar raon fairsing cúrsaí dlí sibhialta.

### 1. Soláthar Seirbhíse

Den chuid is mó, cuireann aturnaí atá fostaithe ag an mBord comhairle dlí agus cúnamh dlíthiúil ar fáil trí líonra d’ionaid dlí. Cuireann aturnaí atá i mbun cleachtas príobháideach seirbhís chomhlántach ar fáil. Fostaíonn an Bord iad ar bhonn cás ar chás.

Tá speisialtacht tearmainn sna hoifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh agus tá aonaid thiomnaithe freisin ann i mBaile Átha Cliath a bhíonn ag plé le cásanna faillí leighis agus cásanna leanaí ar baol dóibh go dtabharfaí faoi chúram an Stáit iad.



Oibríonn an Bord Ionad speisialaithe Cáipéisíochta do Dhídeanaithe freisin, a chuireann seirbhís ghairmiúil neamhspleách taighde agus leabharlainne ar fáil do na príomhchomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu sa phróiseas tearmainn.

An 1 Samhain 2011, aistríodh an fhreagracht i leith na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) go dtí an Bord um Chúnammh Dlíthiúil ar ordú ón Aire a thug éifeacht don Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Soláthraíonn an SIT a gcuid seirbhísí trí bhíthin ceithre oifig lánaimseartha agus dhá oifig déag pháirtaimseartha.

Déanann aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha an tseirbhís a sholáthar sa dhá scéim um chúnammh dlíthiúil coiriúil ad-hoc, Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí agus an Scéim um Chúnammh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta agus déanann an Bord na scéimeanna a riar.

## **2. Seirbhísí Dlí a Fháil**

Caithfidh duine atá ag lorg seirbhísí dlí iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na hionaid dlí a leagtar amach in Aguisín 3 agus foirm iarratais a chomhlánú, ag sonrú an ábhair lena mbaineann an t-iarratas ar chomhairle dlí agus/nó ar chúnammh dlíthiúil agus ag tabhairt sonraí faoi ioncam agus acmhainní caipitil ar bith.

Tá sé mar aidhm ag an mBord a chinntiú go ndéanfar coinne le haturnae a thairiscint do dhuine atá incháilithe i gcomhair seirbhísí dlí taobh istigh de thréimhse uasta 4 mhí ón uair a dhéantar an t-iarratas a chur i gcrích. I gcásanna áirithe, cuirtear seirbhís tosaíochta ar fáil. Mar shampla, cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhaineann le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram nó cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

## **3. Íocaíocht as Seirbhísí Dlí**

Ceanglaítear ar dhuine ar bith a ndeonaítear comhairle dlí agus/nó cúnammh dlíthiúil dó/di ranníocaíocht a dhéanamh leis an mBord. Déantar an ranníocaíocht um chomhairle dlí a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha an iarratasóra, i.e. ioncam tar éis asbhaintí áirithe. Déantar an ranníocaíocht um chúnammh dlíthiúil a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha agus ar chaipiteal indiúscartha an iarratasóra. Is é an ranníocaíocht is lú ná €10 ar chomhairle dlí agus €50 ar chúnammh dlíthiúil. Tugann an t-ionad dlí comhairle do dhuine



faoin ranníocaíocht iarbhír i ngach cás aonair. Más rud é go ndéanann duine airgead nó réadmhaoin a aisghabháil ag eascairt ón gcás, d'fhéadfadh an Bord iarratas a dhéanamh chun an costas a bhí ar an mBord as na seirbhísí dlí a sholáthar don chliant a aisghabháil.

#### **4. Seirbhísí Idirghabhála a Fháil**

Ní mór do dhuine a dteastaíonn idirghabháil uaidh/uaithi iarratas a dhéanamh chuig aon cheann de na hoifigí atá leagtha amach in Aguisín 4. Ní mór don dara páirtí teagmháil a dhéanamh leis an oifig chéanna freisin, lena dheimhniú go bhfuil spéis aige/aici a bheith páirteach san idirghabháil. Nuair atá sé deimhnithe ag an mbeirt pháirtithe gur mian leo idirghabháil a dhéanamh, tairgfear coinne dóibh a luaithe agus is féidir. Tá an Bord ag déanamh iarrachta na tréimhsí feithimh sna hoifigí ar fad a choinneáil faoi uasmhéid dhá mhí. Ní ghearrfar táille ar bith ar an tseirbhís faoi láthair.

#### **5. Scéimeanna Ad Hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil**

Déanann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an dá scéim ad hoc um chúnamh dlíthiúil dá dtagraítear ag tús na míre seo, a riar faoi láthair. Moltar do dhaoine atá faoi choinneáil faoi reachtaíocht áirithe i Stáisiúin na nGardaí go bhfuil an ceart acu comhairle dlí a lorg agus tharlódh go bhfuil siad i dteideal comhairle dlí a fháil ar an nguthán nó ar bhonn duine ar dhuine. Déanann an scéim íocaíochtaí a sholáthar d'aturnaetha ar feadh líon socraithe cuairteanna. Is í an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta an dara scéim ad hoc atá á riar ag an mBord, a dhéanann soláthar d'íocaíocht costas dlí tar éis don Chúirt amhlaidh a mholadh i sagsanna áirithe de dhlíthíocht nach gcuimsíonn an scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta nó an phríomhscéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Soláthraítear breis sonraí ar na scéimeanna agus ar an toradh le haghaidh 2012 níos déanaí sa Tuarascáil.

#### **6. An Ceannoifig**

Tá ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, i gContae Chiarraí, mar a bhfuil 45 ball foirne suite. Comhlíontar cuid d'fheidhmeanna na ceannoifige ó Bhaile Átha Cliath freisin.



## 7. Rialachas Corparáideach

Déanann an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995 foráil do Chathaoirleach agus 12 chomhalta Boird a thoghadh. Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Alan Shatter, T.D. a cheap an Bord reatha, i Nollaig 2012. Leagtar amach ballraíocht an Bhoird reatha ar leathanach 12.

Tá an Bord reachtúil freagrach as an méid a leanas:

- treo straitéiseach na heagraíochta
- beartas a dheimhniú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht cheart agus éifeachtach na heagraíochta
- monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus freagracht a sholáthar
- buiséid a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus roinnt cinntí forchoimeáda a dhéanamh.

Leanann an Bord ag cloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh a leagtar amach sa leagan nuashonraithe den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Cuimsíonn sé sin:

- ar leibhéal an Bhoird, úsáid a bhaint as sé choiste chun cúnaimh a thabhairt don Bhord a gcuispóirí a bhaint amach agus a gcuid freagrachtaí a chur i gcrích go héifeachtach (féach thíos)
- deighilt shainmhínithe ar ról idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire lena gcomhlíontar ceanglais an Chóid
- feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn go héifeachtach agus de réir mar is gá, agus
- cód iompair, a bhfuil nósanna imeachta chun déileáil le ceist choinbhleachta leasa ar bith san áireamh ann.

In 2012, reáchtáil an Bord 11 gcruinniú Boird, bhí 5 díobh ar bun i gCathair Saidhbhín.

**Is é seo a leanas tinreamh na 11 chruinniú in 2012:**

Comhalta	Líon na gCruinnithe	Comhalta	Líon na gCruinnithe
Muriel Walls (Chair)	11	Donncha O'Connell	10
Oonagh Buckley	8	Micheál O'Connell	7
Mary Dalton	8	John O'Gorman	11
David Garvey	10	Philip O'Leary	10
Kate Hayes	10	Michelle O'Neill	8
Joy Mc Glynn	10	Ger Power	10
Oonagh Mc Phillips	10		

**Tháinig coistí an Bhoird le chéile mar seo a leanas in 2012:**

Coiste	Líon na gcruinnithe a tionóladh
An Coiste Achomhairc	17
An Coiste Airgeadais	6
An Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca	4
Coiste na nDlíodóirí	5
An Coiste Acmhainní Daonna	3
An Coiste Feidhmíochta	1

Baineann an Bord leas as lámhleabhar um rialachas corparáideach inmheánach chun achoimre shoiléir chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach de réir mar a théann sé i bhfeidhm ar an mBord agus ar an ardbhainistíocht. Tá sé ann, freisin, lena chinntiú go mbeidh baill an Bhoird ar an eolas go hiomlán faoina gcuid freagrachtaí dlíthiúla agus go mbeidh cur amach acu ar na forálacha reachtúla a bhaineann lena bpost agus na ceisteanna, beartais agus straitéisí eagraíochtúla príomhúla a threoraíonn a ról.

Cuimsíonn Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird ball seachtrach neamhspleách amháin, an Dr Kieran Corcoran, ar aon dul le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Bhí íocaíocht agus neamhíocaíocht táillí le baill an Bhoird ar aon dul leis na treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais.



## Brollach ón gCathaoirleach agus an Príomhfeidhmeannach

Is deas linn Tuarascáil Bhliantúil 2012 an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chur i láthair.

Ba iad na gnéithe suntasacha a bhí le sonrú le bliain anuas ná go raibh éileamh an-tréan leanúnach le sonrú ar sheirbhísí um chúnamh dlíthiúil sibhialta; deacrachtaí suntasacha le freastal ar an éileamh méadaithe seo agus níos lú acmhainní againn; fairsingiú breise ar shainchúram an Bhoird agus an dara scéim ad hoc um chúnamh dlíthiúil coiriúil á haistriú; mar aon leis an gcéad bhliain iomlán den tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) laistigh den Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Cé gur léirigh an meascán díobh seo cloí agus soiléireacht níos fearr i dtaobh rialachas cúnamh dhlíthiúil ina iomláine, chruthaigh gach limistéar dúshlán shuntasacha ar bhonn dosheachanta don eagraíocht agus dár dtiomantas chun seirbhísí éifeachtúla, éifeachtacha agus oiriúnacha a sholáthar.

Tá an gá atá le seirbhísí um chúnamh dlíthiúil sibhialta, seachas seirbhísí tearmainn, tréan go fóill. Tháinig méadú breis agus 90% ar éileamh idir 2006 agus 2011. Tugadh laghdú beag 9% faoi deara anuraidh, ach is ionann an méadú a tháinig ar na seirbhísí sin le sé bliana anuas go dtí 2012 agus mórán de bhreis ar 70%. Is é an mórdhúshlán atá roimh an mBord ná an cumas atá acu chun freastal ar an éileamh sin. Tá laghdú breis agus 16% tagtha ar acmhainní foirne le ceithre bliana anuas agus mar gheall air seo agus an méadú suntasach atá tagtha ar acmhainní, is nach mór dodhéanta an tseirbhís a sholáthar is mian linn agus is ceart a sholáthar do na cliaint. Is í an phríomhdhifriocht ina leith seo idir Éirinn agus na dlínsí is gaire dúinn ná cé go bhfuil teorainn ar ár gcaitheamh de réir an bhuiséid a sholáthraítear dúinn, níl an oiread de theorainn sin ar na tíortha eile.

Is cinnte deimhin go ndearna an Bord iarrachtaí chun freagairt ar na deacrachtaí a bhí rompu. Cuirimid seirbhís tosaíochta ar fáil go fóill maidir le limistéir áirithe, ar nós foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí agus cásanna cúram leanaí. Is ionann iad seo agus nach mór 15% de líon na n-iarratas. Tugadh próiseas triáise isteach in 2012 ina gcasfar le gach iarratasóir le haghaidh cruinniú gearr le haturnae laistigh de sé seachtaine tar éis iarratas a dhéanamh. Cuirfidh an t-aturnae comhairle dlí ar tairiscint ar an tsaincheist a chuirtear i láthair agus míneoidh sé/sí roghanna, ar nós idirghabhála nó idirghabháil eile mhalartach um réiteach díospóide (ADR). Tharlódh, chomh maith, gur cruinniú leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus



Chomhairle Airgid (MABS) nó le gníomhaireacht ábhartha eile an chéad chéim oiriúnach eile. B'fhíor-dhearfach na torthaí tosaigh ó chliaint a bhain leas as an tseirbhís seo agus tá súil againn go mbeidh an tseirbhís i bhfeidhm i dtromlach na n-ionad in 2013. Tá tréimhsí suntasacha feithimh fós sa mhullach ar an mBord, áfach, in go leor Ionaid Dlí do na cliaint siúd óna dteastaíonn seirbhís shubstainteach dlí. Tuigtear gur chúis frustrachais seo do chliaint agus, ar uairibh, do bhaill na mbreithiúna.

Leanann an Bord le leas fairsing a bhaint as an scéim Cleachtóra Phríobháidigh. Anuraidh, dhéileáil cleachtóirí príobháideacha le breis agus 5,000 cás an Bhoird (ceisteanna áirithe um an dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche). Táimid an-fheasach go mbaineann an Bord luach fíormhaith ó aturnaetha príobháideacha maidir leis na cásanna seo agus, ba dheas leis an mBord leas níos mó a bhaint den phróiseas, go deimhin, ach ní féidir leo ceal acmhainní.

Is rí-dheas linn gur aistríodh an fhreagracht as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) chuig an mBord ag deireadh 2011. Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcaitheamh na bliana le tréimhsí feithimh a laghdú in gach ionad SIT. Anuas air sin, rinneamar dul chun cinn maidir le cuspóir an Aire a chomhlíonadh chun sineirge idir an dá sheirbhís a bhaint amach. Is mian linn díriú ar an réiteach is éifeachtaí a éascú ar an bhfadhb a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh gurb é an réiteach is éifeachtaí seo trí idirghabháil neamhfhoirmiúil, réiteach malartach díospóide (agus díriú ar leith ar idirghabháil) nó, más gá, dlíthíocht. Is gá dúinn a chuimhneamh, áfach, gur cuireadh airgeadas measartha ar fáil don SIT agus, cé go bhfabhraítear sochair, lena n-áirítear sochair airgeadais, ó dhaoine a threorú amach ó réiteach a fháil ar dhíospóidí teaghlaigh sna cúirteanna, fabhraíonn an SIT na costais. Táimid daingean faoin tuairim go gcaitear an t-airgead seo chun dea-chríche agus go neascraíonn sochair thábhachtacha aonair theaghlaigh agus shocháiocha astu.

Bhí an rath leanúnach ar thionscnamh Theach an Charnáin, ar cur chuige comhtháite agus comhoibríoch é idir an tSeirbhís Chúirteanna, an SIT agus an Bord chun iarratais áirithe ar an gcúirt um an dlí teaghlaigh a threorú i dtreo cur chuige idirghabhála chun iad a réiteach. B'ann do mhórchoigiltí airgeadais arna bhfabhrú ón tionscadal seo, ach bhain breis tábhachta leis an sochar fadtéarmach a cruthaíodh do na páirtithe agus do na leanaí a bhí i gceist. Bhain ríthábhacht le tacaíocht leanúnach na mbreithiúna i rath leanúnach an tionscnaimh. Léirigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais go minic go dtacaíonn sé



leis an gcur chuige agus dhearbhaigh sé an tionscnamh ar bhonn buan. Anuas air sin, spreag rath an tionscnaimh an Bord chun an tionscnamh a shíneadh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, go dtí Corcaigh agus an Nás. Tá teorainneacha, dar ndóigh, ar an méid is féidir a bhaint amach leis an mbuiséad atá ar fáil.

Amhail a tugadh faoi deara níos luaithe, bhí sé ina shrian rialta ar an mBord gur gá cloí foriomlán a bheith le sonrú i dtaobh freagrachta, rialachais, airgeadais agus idirspleáchais de i dtaca le cúnamh dlíthiúil go ginearálta. Ba cheist seo ar ghlac an tAire leis le fada an lá agus glacadh na céimeanna tosaigh chun an fhreagracht a aistriú as cúnamh dlíthiúil coiriúil chuig an mBord. Tá dhá cheann de na scéimeanna ad hoc i bhfeidhm ag an mBord cheana féin agus tá an phríomhscéim ag feitheamh leis an reachtaíocht riachtanach. Sa bhreis air sin, d'fhaomh an Rialtas aistriú scéim um chúnamh dlíthiúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte agus tá seo, chomh maith, ag feitheamh leis an reachtaíocht.

Is dócha, cinnte, go gcruthóidh 2013 dúshlán shuntasacha chomh maith. Is é an dúshlán is mó an buiséad, agus an cumas atá againn chun freastal ar an éileamh i gcúrsaí dlí shibhialta. Teastaíonn acmhainní uainn fiú go mbeadh an rath orainn trí líon níos airde cásanna a réiteach trí idirghabháil seachas trí na cúirteanna. Beidh dúshlán romhainn, chomh maith, le sainchúram an Bhoird a shíneadh i gcúnamh dlíthiúil coiriúil, cúnamh dlíthiúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte agus breis forbairtí i dtaobh cúrsaí dlí shibhialta. Tá an Bord meáite lena chinntiú go rachfar i ngleic leis na freagrachtaí breise a ghlactar agus leis na dúshlán a rachfar i ngleic leo, lena mhacasamhail de thiomantas, réiteach agus gairmiúlacht a bhíonn le sonrú againn ar bhonn leanúnach i leith ár n-oibre go léir.

Ba dheas linn ár mbuóchas a léiriú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as an spéis a léirigh sé i gcónaí i gcúnamh dlíthiúil agus an tacaíocht a thug sé leis i dtréimhse ina bhfuil brúnna suntasacha airgeadais ar leibhéal náisiúnta. Gabhaimid buóchas leis an Ard-Rúnaí agus lena fhoireann as ucht a rannpháirtíochta agus tacaíochta leanúnaí.



Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl, go háirithe, d'fhoireann uile an Bhoird sna láithreacha éagsúla ar fud na tíre. Táimid an-fheasach ar chineál an-strusmhar a n-oibre. Tá teorainn ar acmhainní agus bíonn cliant ag súil le níos mó uainn. Bíonn an fhoireann, dá ainneoin sin, gairmiúil agus an tseirbhís á soláthar acu agus, níos tábhachtaí ná sin, íogair i leith chineál na ndeacrachtaí a mbíonn go leor dár gcliaint thíos leo.

Muriel Walls  
Cathaoirleach

Molling Ryan  
Príomhfheidhmeannach



## An Bord

### Amhail an 31 Nollaig 2012:

**Muriel Walls**

Cathaoirleach

**Oonagh Buckley**

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Mary Dalton**

Ionadaí Foirne

**Kate Hayes**

Bean Ghnó

**Joy McGlynn**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Oonagh McPhillips**

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**Donncha O'Connell**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**Mícheál O'Connell**

Abhcóide

**John O'Gorman**

Ionadaí Foirne - Aturnae

**Philip O'Leary**

Aturnae

**Michelle O'Neill**

Abhcóide

**Ger Power**

An Roinn Coimirce Sóisialaí

**David Garvey**

Cuntasóir Cairte




## Foireann Feidhmiúcháin na Ceannoifige

<b>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:</b>	Moling Ryan
<b>Ceann na nOibríochtaí, Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta:</b>	John McDaid
<b>Stiúrthóir Acmhainní Daonna:</b>	Pat Fitzsimons
<b>Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha:</b>	Eileen Bowden
<b>Ceann na gCleachtóirí Príobháideacha agus Seirbhísí Speisialaithe Dlí:</b>	Frank Caffrey
<b>Ceann na nOibríochtaí, an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT):</b>	Polly Phillipmore
<b>Stiúrthóir Cúnta, Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil:</b>	Pat Gilheaney
<b>An Rialtóir Airgeadais:</b>	Joan Enright
<b>Rúnaí an Bhoird:</b>	Clare Kelly
<b>Iniúcháirí:</b>	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
<b>Aturnaetha:</b>	Mason Hayes and Curran
<b>An Cheannoifig:</b>	Sráid an Chalaídh Cathair Saidhbhín Contae Chiarraí Guthán: 066 9471000 Íosghlao 1890 615200 Facs: 066 9471035
<b>Oifig Bhaile Átha Cliath:</b>	47 Sráid an Mhóta Uachtarach Baile Átha Cliath 2 Guthán: 01 6441900 Facs: 01 6623661
<b>Láithreán gréasáin:</b>	<a href="http://www.legalaidboard.ie">www.legalaidboard.ie</a>



## Struchtúr





## Príomhéachtaí agus Forbairtí in 2012

Tar éis roinnt blianta de mhéaduithe leanúnacha ar iarratais ar sheirbhísí dlí, thug ionaid dlí laghdú 10% faoi deara in 2012. Lean méadú 9% é seo in 2011 mar aon le méadú 21% in 2010.

Tháinig laghdú 2% ar líon na gcliant nua a chláraigh le **Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe an Bhoird**, ar aon dul leis an laghdú le blianta beaga anuas ar an líon daoine a raibh tearmann á lorg acu sa tír seo.

**B'ionann cistiú an Stáitchiste** le haghaidh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in 2012 agus €32.922 milliún. Áiríodh leis seo foráil le haghaidh na seirbhísí traidisiúnta dlí a sholáthair an Bord, agus don tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh a tháinig faoi chuimsiú shainchúram an Bhoird i Samhain 2011. Léirigh an comhchistiú laghdú beag €0.143 milliún. Ar an iomlán, laghdaíodh na leibhéil soláthar foirne anuas ó 368 de choibhéis lánaimseartha ag deireadh 2011, go dtí 363 ag deireadh 2012.

Aistríodh freagracht as Scéim ad hoc an Ard-Aighne (ar a dtugtar anois an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta) chuig an mBord an 1 Meitheamh. B'ionann caiteachas ar an scéim seo in 2012 agus €3.5 milliún anuas ó €3.6 milliún in 2011.

B'ionann caiteachas ar Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí in 2012 agus €0.9 milliún anuas ó €1.2 milliún in 2011 agus €1.3 milliún in 2010. Déantar caiteachas i ndáil leis an dá Scéim a íocadh as an Vóta Dlí agus Cirt.

Tháinig laghdú ar líon na **gcásanna arna bpróiseáil** i gcaitheamh na bliana ag an ionad dlí beagán ó fhigiúirí 2011 go dtí breis agus 17,600. Tháinig méadú 12% ar líon na gcásanna cúram leanaí.

Tháinig brú méadaitheach ar **thréimhsí feithimh** le haghaidh coinne le haturnae in 2012 mar gheall ar éileamh méadaitheach agus na srianta ar acmhainní an Bhoird. Lean saincheist na hinrochtana ar sheirbhísí tráthúla dlí bheith dúshlánach in 2012. B'ionann an tréimhse feithimh ar an gcéad choinne le haturnae i gcás saincheisteanna seachas iad siúd a meastar atá ina gcásanna tosaíochta agus breis agus ceithre mhí i 16 ionad dlí an Bhoird ag deireadh na bliana.



Lean an Bord le seirbhís tosaíochta a sholáthar, áfach, sa chás gur mheas siad gur theastaigh seirbhís láithreach nó nach mór láithreach. Ina measc seo, bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhain le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram agus cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

Lean an Bord le húsáid leanúnach a bhaint as **cleachtóirí príobháideacha** chun cabhrú le líon na gcliant a laghdú a bhí ag feitheamh le seirbhísí dlí. Oibríonn an tseirbhís chleachtóra phríobháidigh, faoi láthair, le haghaidh roinnt saincheistanna um an dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche, cé go bhfuil roinnt srianta i bhfeidhm ar chúiseanna buiséadta. Leagadh srian ar an Scéim go mbíonn baint ag cleachtóirí príobháideacha i gceistanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Chuarda ar mhaithe le cúiseanna buiséadta.

I gcaitheamh 2012, thug an Bord cur chuige ‘triáise’ isteach i líon dá n-ionaid dlí. Is í aidhm an chuir chuige triáise a chinntiú go bhfaigheann gach iarratasóir méid áirithe de chomhairle dlí go tráthúil (laistigh de mhí amháin, faoi láthair). Ar an mbealach sin, leag na tréimhsí feithimh maidir le roinnt ionad an tréimhse feithimh le haghaidh coinne thriáise, mar aon leo siúd le haghaidh an dara comhairliúcháin (sa chás go meastar go dteastaíonn sé).

Lean an ‘tionscnamh idirghabhála’ píolótach in 2012 in áitreabh na Cúirte Dúiche Teaghlaigh i mBaile Átha Cliath a bunaíodh in 2011 mar chuid de réiteach díospóidí teaghlaigh nach raibh bunaithe sa chúirt a chur chun cinn ag an mBord. Tugtar faisnéis maidir le freastal ar idirghabháil do dhaoine atá i láthair ag an gCúirt Dúiche i ndáil le díospóidí teaghlaigh. Tá sé mar ghné lárnach go mbíonn idirghabhálaithe ar an láthair san fhoirgneamh céanna, lena gcuimsítear rochtain éasca ar an bpróiseas seo. Thug athbhreithniú a rinneadh le linn na bliana le fios go ndearnadh glanchoigilt bhliantúlaithe agus €110,000. Síneadh an tionscnamh seo chuig Corcaigh agus an Nás i rith 2012.

Laghdaíodh tréimhsí feithimh le haghaidh seirbhísí ón tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh go dtí 3 mhí nó níos lú i ngach ionad seachas ionad amháin. B’ann do mhéadú de bhreis ar 30% ar líon na lánúineacha a chomhaontaíonn chun dul i mbun idirghabhála agus cuireadh 710 comhaontú chun críche i rith na bliana.



Rinneadh mórdhul chun cinn le linn na bliana ar chóras cuimsitheach chun cásanna dlí a bhainistiú (EOS) a chur i bhfeidhm a cuireadh ar fáil ar fud an líonra ionad dlí i Lúnasa 2012 agus déantar obair uile dhlí an Bhoird a bhainistiú seachas cásanna tearmainn ar an gcóras nua. Ceadáíonn an córas seo solúbthacht agus éifeachtacht níos mó san úsáid a bhaintear as acmhainní soláthar foirne an Bhoird.

Chuir an Bord a gcomhdháil bhliantúil um dhlí teaghlaigh ar bun i Meitheamh 2012. Ba é téama na Comhdhála *‘Díospóidí um Dhlí Teaghlaigh a Réiteach – Roghanna Eile ar Dhlíthíocht’*. Labhair roinnt cainteoirí ardphróifíle ag an gcomhdháil ar ghnéithe éagsúla de dhlí sibhialta in Éirinn agus thar lear.



## An tSeirbhís a Soláthraíodh in 2012

Mar gheall ar shainchúram sínte an Bhoird um Chúnadh Dlíthiúil, cuireann an Bord seirbhísí ar fáil sna limistéir a leanas:

- Cúnadh Dlíthiúil Sibhialta
  - ◊ Seirbhísí Tearmainn
  - ◊ An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe
- An tIonad Cáipéisíochta Dídeanaithe
- Idirghabháil Teaghlaigh
- Scéimeanna Ad Hoc um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil

### Cúnadh Dlíthiúil Sibhialta

Bhí bliain an-dúshlánach ag an mBord in 2012. Cé gur tháinig laghdú ar an éileamh ar a seirbhísí ar fhigiúr 2011, bhí an t-éileamh an-ard i gcónaí ag tráth ina raibh srian leagtha ar a n-acmhainní. Tabharfar faoi deara gur lorg 17,500 iarratasóir seirbhísí dlí ó ionaid dlí an Bhoird in 2012 agus bhain nach mór 16,900 díobh seo le ceisteanna eile seachas le tearmann. Cuirtear seo i gcomparáid le figiúr níos lú ná 10,200 le haghaidh ceisteanna neamhthearmainn in 2007. Lean laghdú ag teacht ar éileamh ar sheirbhísí tearmainn agus chuir seo ar chumas an Bhoird roinnt acmhainní a athúsáid.

Cuimsíonn an saghas fadhbanna a gcuireann an Bord seirbhísí dlí ar fáil dóibh tromlach limistéir an dlí shibhialta, ach in 2012, áfach, amhail a tugadh faoi deara ó bunaíodh an Bord i 1980, lorg tromlach na n-iarratasóirí seirbhísí maidir le fadhbanna teaghlaigh.

B'ionann agus thart ar 23,450 líon iomlán na gcásanna inar sholáthair an Bord seirbhísí dlí in 2012. Ba laghdú beag seo ar an líon lenar déileáladh in 2011.

### Éileamh ar an tSeirbhís

Léiríonn an tábla a leanas an líon daoine a rinne iarratas ar sheirbhísí ar an mBord in 2012 agus sa dá bhliain roimhe sin.



Tábla 1 – Líon na nIarratasóirí

Bliain	2012	2011	2010
Ionaid dlí	16,870	18,657	17,175
An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe	725	979	1,448
<b>Iomlán</b>	<b>17,595</b>	<b>19,636</b>	<b>18,623</b>

Tríd is tríd, tháinig laghdú beagán de bhreis ar 10% ar fhigiúr 2011 ar an líon iarratais nua in 2012. In 2012, tháinig laghdú de bhreis ar 26% anuas go dtí 725 ar an líon cliant nua a chláraigh leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe. Bhí seo ar aon dul leis an laghdú leanúnach ar iarratas ar thearmann a bhí le sonrú le blianta beaga anuas.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil do gach iarratasóir. Ní leanann roinnt díobh siúd a dhéanann iarratas ar sheirbhísí dlí lena n-iarratas nuair a dhéantar coinne a chur ar tairiscint dóibh.

Cé nach ndéantar taifeadadh i gcónaí ar líon na ndaoine atá ag lorg seirbhísí dlí trí thagairt a dhéanamh do na ceisteanna dlí a bhfuil siad ag lorg cúnamh ina dtaobh, is cosúil go dtabharfaidh an miondealú ar cheisteanna dlí i dtaobh daoine ar tugadh céad choinne le haturnaé dóibh in 2012 (cásanna nua) nádúr an éilimh le fios. Tugtar an miondealú sin i dTábla 2 thíos. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil cásanna a atreoraíodh chuig aturnaetha príobháideacha chun seirbhís a sholáthar san áireamh ann.

Tábla 2 – Coinní tosaigh de réir ábhair 2012

Ábhar	Líon na gcliant nua
Cúrsaí dlí teaghlaigh ginearálta	6,800
Colscaradh/idirscaradh/neamhniú	2,671
Cásanna ina raibh cúram féideartha leanaí ag an Stát	554
Tearmann agus cúrsaí bainteacha	725
Cúrsaí sibhialta eile	888
<b>Iomlán</b>	<b>11,638</b>



## Ionaid Dlí


Cuireadh cúnammh agus comhairle dlí ar fáil trí ionaid dlí ghinearálta an Bhoird in 17,652 cás in 2012, ar laghdú beag seo ar 2011, ach ar méadú seo ar 2010, amhail a thugtar faoi deara sa tábla thíos. Tá faisnéis chomhparáideach don dá bhliain roimhe seo agus miondealú idir cásanna cúnaimh agus comhairle leagtha amach thíos.

**Tábla 3 – Cásanna a láimhseáiltear in ionaid dlí**

Bliain	2012	2011	2010
Comhairle amháin	7,956	8,333	7,288
Imeachtaí cúirte	9,696	9,492	9,344
<b>Iomlán</b>	<b>17,652</b>	<b>17,825</b>	<b>16,632</b>


## Cásanna comhairle dlí

Léiríonn Cairt 1 thíos gurb é an dlí teaghlaigh an príomhlimistéar i gcónaí ina gcuireann an Bord comhairle dlí ar fáil. As na cásanna ‘comhairle’ ar déileáladh leo in 2012, bhí beagnach 75% díobh i limistéar an dlí teaghlaigh. Is éard is cásanna comhairle dlí ann ná cásanna inar cuireadh comhairle ar fáil don chliant ach nár cuireadh cúnammh dlíthiúil ar fáil, i.e. ionadaíocht sa chúirt. Deonófar cúnammh dlíthiúil do chuid de na daoine a fuair a comhairle in 2011, ag brath ar chúinsí an cháis.






Cuirtear miondealú níos sonraí ar fáil ar na príomhshaincheisteanna atá mar chúis leis na cásanna comhairle dlí seo in 2012 thíos i gCairt 1a. Maidir le roinnt mhór de na cásanna idirscartha agus colscartha, is dóchúil gur tugadh comhairle chomh maith ar cheisteanna ar nós cothabhála, foréigean teaghlaigh, agus leas leanaí. Ní dhéantar an chomhairle bhreise sin a thaifeadadh anseo ar leithligh.






### Cásanna cúnamh dhlíthiúil

Leagtar amach na ceisteanna a ndearna aturnaetha ó ionaid dlí an Bhoird ionadaíocht ina leith in 2012 agus an fhaisnéis chomparáideach don dá bhliain roimhe sin i gCairt 2 thíos.



In 2012, bhí líon na gcásanna cúnamh dhlíthiúil ar déileáladh leo a bheag nó a mhór ag teacht le líon na gcásanna sa bhliain roimhe sin. San áireamh san fhiigiúr sin, bhí méadú 15% ar líon na gcásanna cúram leanaí (cásanna a bhain le leanaí a bhí i mbaol a bheith tógtha faoi chúram FSS) ar déileáladh leo. Ní léir cé acu faoi deara an mhéadaithe seo – gur mhair na cásanna níos faide nó go raibh ní ba mhó díobh ann.

Tugtar miondealú níos cuimsithí thíos ar na ceisteanna ar tugadh cúnaimh dhlíthiúil ina leith in 2012. Maidir le roinnt mhór de na cásanna idirscartha agus colscartha, is dóchúil go raibh cothabháil, foréigean teaghlaigh, agus coimeád/rochtain/caomhnóireacht i gceist leis na cásanna siúd. Is amhlaidh an scéal go bhféadfadh go raibh saincheisteanna foréigean teaghlaigh i gceist le líon ceisteanna coimeádta agus rochtana a bhí ar bun go comhaimseartha. Ní dhéantar taifeadadh ar leithligh orthu siúd anseo.



**Tréachur cásanna**

Is féidir a thabhairt faoi deara ó Thábla 4 go raibh laghdú le sonrú ar an líon cásanna nua a glacadh sa líonra ionad dlí in 2012. I gcaitheamh 2012, sheol an Bord córas nua bainistíochta cásanna. Tá sé beartaithe go bhfaighfear an chuid is mó den fhaisnéis bhainistíochta ón gcóras. B’ann do ‘thrasnaíocht’ sna córais in 2012 agus meastar gurb éard a d’eascair as seo ná go ndearnadh tearcthuairisciú ar chásanna, go háirithe cásanna nua, in 2012. B’ann do chailteanas mór ama, chomh maith, leis an gcóras nua a oiriúnú, cé go meastar gur mó a bheidh gnóthachan fadtéarma an chórais nua ná an táirgiúlacht a cailleadh in 2012.

**Tábla 4 – Cásanna nua in ionaid dlí**

Bliain	2012	2011	2010	2009
Cásanna Nua	5,831	7,506	7,069	7,240

**Fad cásanna cúirte**

Soláthraítear i dTábla 5 thíos próifíl aoise na gcásanna ar cuireadh cúnaimh dlíthiúil ar fáil iontu in 2012, de réir cúirte. Taispeánann an bhliain an uair a osclaíodh an comhad.

**Tábla 5 – Cásanna cúnaimh dhlíthiúil ar déileáladh leo in 2012; an bhliain a osclaíodh an comhad**

Bliain	2012	2011	2010	Pre-2010	Total
Dúiche	1,146	1,026	342	264	2,778
Cuarda	1,227	1,706	1,344	1,963	6,240
Ard-Chúirt	183	189	122	215	709
Uachtarach	0	2	3	7	12
<b>Iomlán</b>	<b>2,556</b>	<b>2,923</b>	<b>1,811</b>	<b>2,449</b>	<b>9,739</b>

Mar ba léir sna blianta roimhe seo, go hiondúil, bíonn dul chun cinn na gcásanna sa Chúirt Chuarda (áit a n-eisítear cásanna colscartha agus idirscartha) cuid mhaith níos moille ná sa Chúirt Dúiche. Cuireadh tús le 31% de chásanna na Cúirte Cuarda ar dhéileáil an Bord leo in 2012 roimh 2009.

As na 9,739 cás cúnaimh dhlíthiúil lenar déileáladh sna hionaid dlí in 2012, rinneadh 3,408 (35%) a chríochnú roimh dheireadh na bliana. Tugtar i dTábla 6 thíos, próifíl aoise ar na cásanna siúd lenar bhain imeachtaí cúirte a críochnaíodh in 2012 de réir ábhair.

**Tábla 6 – Cásanna cúnaimh dhlíthiúil a críochnaíodh in 2012; an bhliain a osclaíodh an comhad**

Bliain	2012	2011	2010	Pre-2010	Total
Colscaradh/idirscaradh/neamhniú	69	352	416	663	1,500
Cúram leanaí	86	167	94	60	407
Cúrsaí eile dlí teaghlaigh	387	568	196	164	1,315
Cúrsaí sibhialta eile	20	53	48	65	186
<b>Iomlán</b>	<b>562</b>	<b>1,140</b>	<b>754</b>	<b>952</b>	<b>3,408</b>

Is léir ón tábla sin gur gnách go dtógann sé níos faide cásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe a chur i gcrích ná an chuid is mó d'ábhair dlí teaghlaigh eile. Bhí thart ar 44% de chásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe a cuireadh i gcrích in 2012 ar siúl ó thráth roimh 2010.



### Cásanna idir lámha

I dTábla 7, tugtar an stádas maidir le cásanna cúnamh dhlíthiúil an Bhoird ar fad a bhí gníomhach amhail an 31 Nollaig 2012.

**Tábla 7 – Cásanna cúnamh dhlíthiúil a bhí gníomhach amhail an 31/12/2012**

Stádas	Líon na gCásanna
Deimhniú um chúnamh dlíthiúil deonaithe	507
Mionteagasc tugtha don abhcóide	704
Imeachtaí eisiithe	1,149
Á éisteacht	2,062
Orduithe deiridh déanta	1,757
Athiontráil/faoi achomhairc	150
<b>Iomlán</b>	<b>6,329</b>

Cabhraíonn an saghas seo faisnéis leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cásanna trí phróiseas na cúirte.

### Cleachtóirí príobháideacha i gcúrsaí dlí teaghlaigh

Fostaíonn an Bord cleachtóirí príobháideacha (CPanna) chun seirbhísí cúnamh dhlíthiúil a sholáthar, rud a chomhlánaíonn an tseirbhís a chuireann ionaid dlí ar fáil. Tugann an tseirbhís seo cúnamh don Bhoird chun na tréimhsí feithimh a choinneáil chomh gearr agus is féidir. Feidhmíonn an tseirbhís CP, faoi láthair, i gcomhair cúrsaí a bhaineann le dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche (ar nós cásanna foréigean teaghlaigh, cothabhála, caomhnóireachta agus coimeádta/rochtana). Leagadh srian ar an Scéim go mbíonn baint ag cleachtóirí príobháideacha i gceisteanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Cuarda ar mhaithe le cúiseanna buiséadta. Mar gheall ar roinnt srianta, bhí gá le roinnt srianta a chur ar an bhfáil ar Scéim na Cúirte Dúiche in 2012, agus leanadh leis na srianta seo a chur in 2012.

Tugtar miondealú i dTábla 8 ar líon na ndeimhnithe um chúnamh dlíthiúil a deonaíodh sa chaoi go bhféadfadh aturnaetha i gcleachtas príobháideach agus atá ar phainéil an Bhoird ionadaíocht a dhéanamh sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda.



Tábla 8 – Deimhnithe CP a deonaíodh

Bliain	2012	2011	2010	2009
An Chúirt Dúiche	5,077	4,854	5,220	3,921
An Chúirt Chuarda	5	8	59	91
<b>Iomlán</b>	<b>5,082</b>	<b>4,862</b>	<b>5,279</b>	<b>4,012</b>

Is gnách go mbíonn bearna mhór ama idir an dáta a dheonaítear deimhniú faoi Scéim na Cúirte Cuarda agus an dáta a dhéantar an t-éileamh ar íocaíocht a fháil mar gheall ar an am a bhaineann le cásanna den sórt sin a thabhairt chun críche. Dá dheasca sin, ní thiocfaidh deimhnithe a dheonaítear i mbliain ar leith chun cinn ach amháin sna blianta ina dhiaidh sin.

Bíonn an t-aga moille íocaíochta sin i bhfad níos lú i gcás deimhnithe a dheonaítear i leith chásanna na Cúirte Dúiche, áit a réitítear iad i bhfad níos tapúla de ghnáth. Anuas air sin, níl sna táillí a íoctar le cleachtóirí príobháideacha as cásanna sa Chúirt Dúiche ach 10-15% de na táillí atá iníoctha as cásanna sa Chúirt Chuarda.

### Tráthúlacht na Seirbhíse

Bhí brú mór ar thréimhsí feithimh mar gheall ar an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí an Bhoird. Leagann an tábla a leanas amach líon na ndaoine a bhí ag feitheamh an 31 Nollaig 2012 agus ar an dáta céanna le 3 bliana anuas lena gcéad choinne le haturna.

Tábla 9 – An líon daoine ar liosta feithimh

Bliain	2012	2011	2010	2009
Líon na ndaoine ag feitheamh	5,014	4,443	3,153	2,228

Leagtar amach na huastréimhsí feithimh i míonna, amhail an 31 Nollaig 2012, do na hionaid dlí éagsúla i dTábla 10 thíos. Ní mór a thabhairt faoi deara nach dtaispeántar sa tábla seo ach na tréimhsí feithimh ag pointe áirithe ama. Beidh tréimhsí feithimh ag éirí níos faide agus níos giorra, ag brath ar an éileamh agus ar chumas gach ionaid dlí coinní a thairiscint do chliant nua.



I gcaitheamh 2012, thug an Bord cur chuige ‘triáise’ isteach i líon dá n-ionaid dlí. Is í aidhm an chuir chuige triáise a chinntiú go bhfaigheann gach iarratasóir méid áirithe de chomhairle dlí go tráthúil (laistigh de mhí amháin, faoi láthair). Ar an mbealach sin, leagann na tréimhsí feithimh thíos maidir le roinnt ionad an tréimhse feithimh le haghaidh coinne thriáise, mar aon leis an dara comhairliúcháin.

**Tábla 10 – Tréimhsí feithimh i míonna, amhail an 31 Nollaig 2012**

Ionad dlí	Ginearálta	Tréimhse feithimh le comhairliúchán ‘triáise’	Tréimhse feithimh leis an dara comhairliúchán (triáis amháin)
Baile Átha Luain		1	10
Caisleán an Bharraigh	7	1	7
An Cabhán		2	11
<b>Corcaigh</b>			
Cé Pope	8		
An Mál Theas	10		
<b>Baile Átha Cliath</b>			
Baile Bhlainséir	3		
Cluain Dolcáin	7		
Fionnghlas	15		
Sr. Ghairdinéir	10		
Sr. Brunswick Thuaidh	13		
Tamhlacht	10		
Dún Dealgan	4		
Inis	12		
Gaillimh	9		
Cill Chainnigh		7	13
Leitir Ceanainn	6		
Luimneach	8		
An Longfort		2	11
Muineachán	1		
An Uaimh		3	7
An tAonach		1	5
Droichead Nua		10	11
Port Laoise		6	17
Sligeach		3	7
Trá Lí	6		
Tulach Mhór	5		
Port Láirge	7		
Loch Garman	6		
Cill Mhantáin		4	15



### SEIRBHÍS TOSAÍOCHTA

Lean an Bord le seirbhís tosaíochta a sholáthar sa chás gur mheas siad gur theastaigh seirbhís láithreach nó nach mór láithreach. Ina measc seo bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhain le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram agus cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

I dteannta na gcásanna ar tugadh tosaíocht dóibh sna hionaid dlí, rinneadh an chuid ba mhó de na cásanna a atreoraíodh chuig aturnaetha ar phainéil chleachtóirí príobháideacha an Bhoird a atreorú díreach tar éis don duine iarratas a dhéanamh ar chúnammh dlíthiúil go luath ina dhiaidh sin.

### AN COISTE ACHOMHAIRC

In 2012, tháinig Coiste Achomhairc an Bhoird le chéile 19 n-uaire. Is fochoiste reachtúil den Bhord é seo agus rialaíonn siad ar chásanna, áit a ndéanann duine achomharc i gcoinne chinneadh na feidhmeannachta. Baineann an chuid is mó de na cásanna a thagann os a gcomhair le cinntí chun cúnammh dlíthiúil a dhiúltú.

Éisteadh le 172 achomharc in 2012. As na hachomhairc ar éisteadh leo in 2012, seasadh le cinneadh na feidhmeannachta in 138 cás. B'ann do 28 achomharc inar aisiompaíodh an bunchinneadh. Tugtar léiriú ar an gcás i dTábla 11 thíos.

**TÁBLA 11 – AN COISTE ACHOMHAIRC**

Bliain	2012	2011	2010	2009
Líon na gcinntí ar seasadh leo	138	102	85	98
- <i>Critéir airgeadais</i>	29	21	25	24
- <i>Critéir thuillteanas</i>	109	81	60	74
Líon na gcinntí a aisiompaíodh	28	22	36	36
Líon na n-achomharc idir lámha	0	4	5	2
Tarraingthe siar/réitithe	6	7	5	3
<b>Líon na n-achomharc</b>	<b>172</b>	<b>135</b>	<b>131</b>	<b>139</b>



## Cásanna samplacha – Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

### Fuadach Leanáí

Rinne an Bord ionadaíocht don bheirt pháirtithe i gcás inar tháinig leanbh naoi mbliana d'aois ó thír in Oirthear na hEorpa chun chuairt a thabhairt ar a athair, a bhí de bhunadh na tíre céanna agus a raibh cónaí air in Éirinn ar feadh roinnt blianta.

Bhí caidreamh fadtéarma idir an t-athair agus páirtí eile agus bhí leanbh aige sa chaidreamh sin. Ag deireadh na cuairte sceidealaithe, níor cuireadh an leanbh ar ais i gcomhréir leis na socruithe agus cuireadh tús le himeachtaí fuadaigh linbh thar ceann mháthair an linbh. De bhun na n-imeachtaí, chuir síceolaí agallamh ar an leanbh agus ina tuairisc, thug sí faoi deara gurbh fhearr don leanbh fanacht sa dlínse seo. Thug sí faoi deara, chomh maith, nach raibh aon chúis sách tromchúiseach ann nach bhféadfaí an leanbh a chur ar ais chuig a thír féin agus rinne sí an t-idirdhealú idir aighneacht á léiriú ag an leanbh i leith filleadh ar an tír agus rogha an linbh fanacht anseo. San Ard-Chúirt, dheimhnigh an Breitheamh in ainneoin go bhféadfadh gurbh fhearr leis an leanbh fanacht anseo lena athair in Éirinn, níor chás seo inar cheart an lánrogha a fheidmiú gan an leanbh a chur ar ais chuig an tír agus, dá réir sin, d'ordaigh sé go bhfillfidh an leanbh. Cuireadh an cheist ar athló le ligeann do shocruithe praiticiúla a dhéanamh agus cuireadh an leanbh ar ais chuig a thír dhúchais go gairid ina dhiaidh sin.

### Fiach

Lorg cliant comhairle dlí maidir le Bille Sibhialta a bhí seirbheáilte air tar éis dó aisghabháil suim shuntasach airgid a lorg. Fuair an cliant an t-airgead ar iasacht chun tabhairt faoi roinnt deisiúcháin tí, ach chaill sé a phost dá éis sin gan choinne agus níorbh fhéidir leis an t-airgead a aisíoc. D'aithin an cliant go raibh an fiach le hÍoc. Moladh don chliant maidir leis an bpróiseas ar chuir an creidiúnaí tús leis, chun breithiúnas a fháil. Moladh dó gur bheag b'fhiú na himeachtaí a chosaint dá n-aithneodh sé go raibh an fiach le hÍoc. Díriodh ní ba mhó ar an gcliant a mholadh faoi na roghanna forfheidhmithe a bheadh ar fáil don chreidiúnaí sa chás go bhfuarthas breithiúnas. Bhí teagmháil ar bith nó fíor-bheagán teagmhála idir an cliant agus an creidiúnaí ó theip air an fiach a aisíoc, agus mhol an t-atornae dó teagmháil a dhéanamh leis go bhfeicfidh sé an bhféadfadh sé a shocrú féin a dhéanamh leis an gcreidiúnaí. Bhí an t-atornae sásta go raibh sé de chumas ag an gcliant



teagmháil bhríoch a dhéanamh leis an gcreidiúnaí. Luaigh an cliant, dá éis sin, gur éirigh leis socrú a dhéanamh leis an gcreidiúnaí agus go raibh sé ag cloí leis an socrú sin.

### **Foréigean Teaghlaigh**

Bhí triúr leanaí óga ag an gcliant agus ag a fear céile. Deonaíodh di deimhniú um chúnamh dlíthiúil chun imeachtaí a ghlacadh i leith a fir chéile chun ordú urchoisc a fháil.

D'éascair a hiarratas ó theagmhas i ndiaidh Chéad Chomaoineach duine de na leanaí. Bhí a fear céile ag ól go trom ag cóisir iarChomaoineach agus nuair a bhain sé an teach amach an tráthnóna sin, d'éirigh sé níos maslaí ó bhéal i dtosach báire. Dhiúltaigh sé socrú agus lean sé ar aghaidh le hionsaí fisiciúil a dhéanamh uirthi roinnt uaireanta. Fágadh í le brú craicinn agus baineadh tráma di. Ghlac sí grianghraif den bhrú craicinn. In ainneoin go raibh drogall de mhéid áirithe uirthi, chuir sí tús le hordú urchoisc. Thug a fear céile le fios nach raibh aon chuimhneamh aige ar an teagmhas ach d'aithin sé go raibh sé ag ól go trom ar an lá a bhí i gceist. Ar deireadh, dheonaigh an Breitheamh ordú urchoisc ar feadh tréimhse sé mhí agus chuir sé an cheist ar athló go dtí dáta sé mhí ina dhiaidh sin, féachaint cén iarrachtaí a bheadh déanta ag an bhfear céile idir an dá linn chun dul i ngleic le buarthaí faoina chuid ólacháin agus faoina bhainistiú feirge. D'aithin an cliant go raibh iompar a fir chéile i gceart nuair nach raibh sé ag ól agus dhearbhaigh sí nach raibh aon aighneachtaí aici lena fear céile na leanaí a ghlacadh amach a fhad agus nach n-ólfadh sé aon alcól fad a bhí siad ina dteannta.

### **Idirscaradh**

Lorg iarratasóir seirbhísí dlí maidir lena hidirscaradh óna fear céile. Bhí páirtithe ag cónaí amach óna chéile ar feadh beagán de bhreis ar bhliain. D'fhan an t-iarratasóir i dteach an teaghlaigh i dteannta na beirte leanaí neamhspleácha den phósadh. Bhí a fear céile ina chónaí i gcóiríocht ar cíós. Thug an t-atornae eolas don chliant i dtaca leis an bhféidearthacht chun comhairleoireacht treorach pósta a fháil. Thug an cliant le fios go ndearna na páirtithe comhairleoireacht ach nár éirigh léi. Mhol an t-atornae don chliant ansin tabhairt faoi idirghabháil. Ba spéis leis an gcliant idirghabháil agus bhraith sí go bhféadfadh gur spéis lena fear céile chomh maith. Fágadh an comhad ar oscailt agus d'fhill an cliant roinnt míonna dá éis sin. Thug sí le fios gur fhreastail í féin agus a fear céile ar sheirbhís idirghabhála an Bhoird agus sholáthair sí cóip de chomhaontú idirghafa. Réitíodh



Comhaontú Idirscartha ar bhonn na dtéarmaí a leagtar amach sa chomhaontú idirghafa agus shínigh an bheirt pháirtithe an Comhaontú Idirscartha. Áiríodh leis na téarmaí foráil go bhfanann an cliant i dteach an teaghlaigh go dtí nach mbeidh na leanaí ag brath uirthi a thuilleadh agus go ndíolfar ansin é agus go roinnfear na fáltais. Bhí téarmaí breise ann i dtaca le híocaíochtaí cothabhála agus sochair phinsin. Bhí an cliant sásta leis an toradh agus bhí sí muiníneach go gcloíffí leis an gComhaontú, agus aird air gur réiteach idirghabhála a bhí ann seachas réiteach a gearradh orthu.

### **Faillí Leighis**

Rinne an tAonad Faillí Leighis – aonad speisialta – ionadaíocht do ghearánaí i ngníomh a bhí ar siúl san Ard-Chúirt i dtaca le faillí ghairmiúil chliniciúil. Thug an gearánaí faoi mháinliacht tar éis timpiste chun briseadh casta ar a chos a dheisiú. Thug cláraitheoir taithíoch ortaipéideach faoin máinliacht mar gheall nach raibh an máinlia comhairleach ortaipéideach i láthair. Seachas ón mbaol bunúsach a bhaineann leis an máinliacht, b'iarrthóir ardriosca an gearánaí ar leith seo i ndáil le tréimhse ainéistéisigh ghinearálta mar gheall ar roinnt riochtaí neamhbhainteacha leighis. Scaoileadh an gearánaí abhaile agus caitheadh go caomhnach leis. Lean an gearánaí bheith ag fulaingt agus ardleibhéil phéine agus mhíchompoird air. I gcaitheamh na chéad chúpla mí i ndiaidh na máinliachta tosaigh, tugadh faoi gnáthaimh bhreise mháinliachta ar an ngearánaí, agus is éigean a raibh toradh dearfach ag aon cheann díobh. Ar deireadh thiar, baineadh an chos den ghearánaí.

Eisíodh Toghairm Díobhálacha Pearsanta. Mhaígh an pearsanra leighis gur theip ar an gcliant aon fhreagracht cheart a ghlacadh as a shláinte féin roimh an máinliacht agus ina diaidh agus gur theip air glacadh leis an gcomhairle leighis a cuireadh air maidir lena nós tobac a chaitheamh. Theastaigh ionchur suntasach coimpléascach leighis agus dlí ón gcás le toradh rathúil a chinntiú. Rinneadh líon saineolaithe neamhspleácha leighis agus saineolaithe eile a fháil thar ceann an ghearánaí. Tugadh tréimhse mheasta éisteachta idir dhá agus trí seachtaine don chás. Ar an drochuair, cúpla mí roimh dáta dlite na trialach, d'éirigh an cliant breoite. Tar éis dhá iarracht neamhrathúla chun réiteach a idirghabháil, rinneadh iarratas práinneach ar dháta luath éisteachta. Nuair a tháinig an chás chun trialach, ar deireadh, thit idirghabháil fhadálach amach thar thréimhse dhá lá agus rinneadh comhaontú ar réiteach. Rinneadh an réiteach gan dliteanas a admháil.



## Seirbhísí Tearmainn

### An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe

Cuireann an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD) seirbhísí dlí ar fáil ag gach céim den phróiseas tearmainn agus, i gcásanna cuí, maidir le ceisteanna inimirce agus díbeartha. In 2012, lean sí ar aghaidh agus seirbhísí á gcur ar fáil aici trí oifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. Mar gheall ar an laghdú san éileamh ar a seirbhísí, a bhíonn ina thoradh ar laghdú ar líon na n-iarratas tearmainn de ghnáth, tá leibhéal comhtháthaithe tagtha isteach i líonra ginearálta na n-ionad dlí, go háirithe i gcás na n-oifigí i gCorcaigh agus i nGaillimh. Tá an dá oifig seo anois go hiomlán comhtháite istigh sna hIonaid Dlí agus cé go gcoimeádann SDD Bhaile Átha Cliath a bhféiniúlacht ar leith, déanann an fhoireann aturnaetha/pharaidhlíthiúil an t-am a chaitheann siad a roinnt idir obair thearmainn agus speisialaithe chúram leanaí. Oibríonn an fhoireann riaracháin atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, a bhíodh sannta don SDD, seirbhís chomhtháite fáiltithe, láimhseála glaonna, clárúcháin agus airgeadais do na trí Ionad Dlí chomhlonnaithe ar an áitreabh. Baineadh an leibhéal comhtháthaithe seo amach gan seirbhís a laghdú agus gan difear a dhéanamh do cháilíocht agus tráthúlacht na seirbhíse.

### **SDD: clárúchán cliant nua**

Cláraíodh 725 cliant nua in 2012. Is ionann agus laghdú 26% seo ón mbliain roimhe agus is iarmhairt dhíreach í den mheath atá tagtha ar líon na n-iarrthóirí tearmainn atá á gclárú sa stát. B'ionann clárúcháin an SDD in 2012 agus 76% de gach iarrthóir tearmainn a cláraíodh le hOifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (OCID) sa bhliain, a bhí ar aon dul le figiúirí 2011 ach a bhí beagán níos airde ná 2010.

**Tábla 12 - Iarratais ar Thearmann**

Bliain	2012	2011	2010	2009
Clárúcháin an SDD	725	979	1,448	2,298
Iarratais an ORAC	956	1,290	1,939	2,691

As na cliant nua a chláraigh leis an tseirbhís in 2012, bhí seirbhísí ag teastáil ó thart ar 56% díobh don chéad chéim den phróiseas tearmainn, agus bhí seirbhísí ag teastáil ón gcuid eile acu le haghaidh achomharc nó ceisteanna gaolmhara eile.



### Mionaoisigh

Tá Aonad Leanaí tiomanta ag an SDD atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath chun déileáil le hiarratais tearmainn a dhéanann mionaoisigh gan tionlacan. Cuireadh oiliúint speisialaithe ábhartha ar na baill foirne san aonad. In 2012, rinne 119 mionaoiseach iarratas ar chúnamh dlíthiúil i gcásanna tearmainn. Ba laghdú é sin ón bhfigiúr le haghaidh 2011 (162).

### Deimhnithe um chúnamh dlíthiúil

Dheonaigh an Bord 450 deimhniú um chúnamh dlíthiúil i gcásanna tearmainn anuraidh chun ionadaíocht os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD) a chumasú. B'ionann é sin agus laghdú suntasach ar an bhfigiúr 649 deimhniú a eisíodh in 2011. Déanann an BAD cinneadh maidir le hachomharc na n-iarrthóirí tearmainn nár mhol Oifigeach an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a n-iarratas ar stádas dídeanaithe. Sa tábla a leanas, taispeántar an miondealú idir líon na ndeimhnithe ina raibh ionadaíocht curtha ar fáil ag aturnaetha SDD agus ag aturnaetha/abhcóidí príobháideacha, a bhí ag gníomhú thar ceann an SDD.

**Tábla 13 – Deimhnithe SDD a deonaíodh**

Bliain	2012	2011	2010	2009
Aturnaetha an SDD	171	210	548	876
Aturnaetha príobháideacha ar Phainéil an SDD	231	360	310	601
Abhcóidí faoi theagasc an SDD	47	79	155	532
<b>Iomlán</b>	<b>449</b>	<b>649</b>	<b>1013</b>	<b>2009</b>

Bhain an SDD leas as cleachtóirí príobháideacha i gcúrsaí tearmainn in 2010 chun comhairle a chur nó ionadú a dhéanamh ag na céimeanna Fochosanta agus Cead Fanachta mar aon le linn achomharc chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

### Fochosaint

Is é is Fochosaint ann seachas stádas daoine faoi thearmann in aghaidh fíorbhaoil go bhfulaingeoifar “díobháil thromchúiseach”, arb é atá i gceist léi: pionós báis nó bású; nó céasadh nó íde nó pionós atá mídhaonnachtúil nó táireach a dhéanamh ar iarratasóir sa tír bhunaidh; nó bagairt atá tromchúiseach agus indibhidiúil ar shaol nó ar chorp saoránaigh de bhíthin foréigean neamh-idirdhealaitheach le linn coimhlint armtha idirnáisiúnta nó inmheánach. Ní mór iarratais ar Fhochosaint a dhéanamh laistigh de 15 lá tar éis don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cuireadh a thabhairt ina leith. A fhad go dtí deireadh na bliana 2010, láimhseáil an SDD gach ceann de na hiarratais seo go himmheánach. Mar gheall



ar an spriocdháta dian, chuir aistriú na gcásanna seo ar ais ó chleachtóirí príobháideacha ualach trom ar iarratasóirí ionchasacha, ar na cleachtóirí sin agus ar fhoireann riaracháin an Bhoird.

Tháinig laghdú suntasach ón mbliain roimhe ar an líon iarratas ar Fhochosaint a sheol an SDD isteach in 2012. Is éard a bhí ina chúis leis seo nach féidir na haighneachtaí sin a dhéanamh ach tar éis go gcuireann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cuireadh orthu agus tháinig laghdú ar na cuirí sin le bliain anuas. Anuas air sin, choimeád an Bord aturnaetha príobháideacha leis na haighneachtaí sin a dhéanamh má rinne siad achomharc an chliant a phróiseáil don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Tá gá leanúnach ann le haighneachtaí a nuashonrú a rinneadh cheana féin mar gheall ar chúinsí athraitheacha in go leor de na tíortha bunaidh.

**Tábla 14 – Iarratais ar fhochosaint**

Bliain	2012	2011	2010	2009
Líon na n-iarratas	155	417	1,339	1,822

#### ***Athbhreithniú breithiúnach i gcúrsaí tearmainn***

Chuir an Bord tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh in dhá chás tearmainn in 2012.

Cuireadh tús le ceann amháin de na himeachtaí seo i leith an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus cuireadh tús leis an gceann eile i leith FSS, Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe, na hÉireann agus an Ard-Aighne. Sa dá chás, ba mhionaoisigh na hiarratasóirí. Tá próiseas ann ina ndéantar iarrachtaí chun ceisteanna a réiteach idir na comhlachtaí ábhartha sna cásanna ábhartha sula dtéitear i mbun na n-imeachtaí.

#### **Gáinneáil**

Go déanach sa bhliain 2009, thosaigh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag soláthar seirbhísí dlí a bhaineann le ceisteanna áirithe do dhaoine ar aithin Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (BNAGSI) iad mar íospartaigh fhéideartha de gháinneáil ar dhaoine faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008. Leasaíodh an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 in 2011 chun soláthar na seirbhísí sin a éascú.




Ní gá critéir 'tuillteanais' ná incháilitheachta airgeadais a shásamh agus ní gá do dhuine a d'fhéadfadh a bheith ina (h)íospartach maidir le gáinneáil ar dhaoine airgead a íoc leis an mBord um Chúnadh Dlíthiúil. Cuireann fostaithe an Bhoird a bhfuil oiliúint speisialaithe faighte acu i leith ceistanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine an tseirbhís ar fáil.

Tugann an tseirbhís comhairle thosaigh do dhaoine a aithnítear mar íospartaigh fhéideartha den gháinneáil ar dhaoine maidir lena gcearta faoin dlí. Cuirtear seirbhísí dlí ar fáil, freisin, d'íospartaigh amhrasta na gáinneála ar dhaoine a bhféadfadh a bheith ina bhfinnéithe in ionchúisimh a tionscnaíodh faoi fhorálacha sonraithe den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008.

In 2012, chuir an BNAGSI scéal chuig an mBord faoi 73 duine a bhféadfadh a bheith ina n-íospartaigh de gháinneáil ar dhaoine, agus bhí 53 duine acu cláraithe leis an mBord tar éis a gcéad seisiún comhairliúcháin a fháil.

Níor lean roinnt daoine an t-ábhar leis an mBord.

### Cairt 3: Gáinneáil ar Dhaoine



Tábla 15 – Cuspóir na Gáinneála

Cuspóir na Gáinneála	
Dúshaothrú Gnéis	33
Dúshaothrú Oibre	15
Ní Fios	3
Dúshaothrú Gnéis agus Oibre	2
<b>Iomlán</b>	<b>53</b>



## Cásanna samplacha – Tearmann

### Tearmann

Mhaígh iarrthóir tearmainn go raibh eagla lena raibh bunús maith i leith géarleanúna ina tír féin dúchais sa Mheánoirthear mar gheall ar a tuairim bharúlach pholaitiúil agus, go háirithe, i leith géarleanúna ó ghaireas an Stáit ina tír féin. Thug an tIarratasóir le fios go raibh a fear céile bainteach i léirsiú i leith an Stáit. Gabhadh é agus coimeádadh é ar feadh tréimhse dhá lá le linn léirsiú amháin. Lean sé le léirsiú a dhéanamh agus rinne triúr fear a bhí gléasta in éadaí sibhialtaigh ionsaí ar theach an teaghlaigh cúpla lá ina dhiaidh sin. Rinneadh ionsaí foréigneach uirthi agus ar a fear céile. Thug siad a fear céile leo. Cuireadh ar an eolas í, an lá dar gcionn, go raibh a hathair, fear a raibh dearcadh tréan reiligiúnach aige, ar an eolas ar na heachtraí a tharla i dteach a iníne, agus bhí fonn air díoltas a bhaint amach, ach ní ar dhéantóirí na coire, ach ar a iníon féin mar gheall gur tharraing sí 'náire' ar an teaghlach. Theith sí agus a mac ón tír agus lorg siad tearmann sa dlínse seo. Táthar ag fanacht leis an gcinneadh deiridh maidir lena n-iarratas faoi láthair.

### Tearmann

D'oibrigh iarrthóir tearmainn ó thír in oirthear na hAfraice mar dhlíodóir agus rinne sí daoine a chosaint a cuireadh ina leith go raibh baint acu i gcinedhíothú. Mar thoradh ar a hobair, cuireadh glaonna anaithnide gutháin uirthi agus dúradh léi stop a chur lena cuid oibre. Thug na póilíní cuairt ar a teach roinnt uaireanta agus coimeádadh í i stáisiún na bpóilíní ar feadh tréimhse ghearr. Ar a scaoileadh, theith sí chuig Uganda fad a bhí cáipéisí taistil á socrú di. Mhaígh sí go mbeadh sí eaglach i leith a saoil dá bhfillfeadh sí ar a tír bhunaidh. Deimhníodh, ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, gurbh fhinné sochreidte agus inchreidte a bhí inti. Cuireadh Faisnéis faoi Thír Bhunaidh ar fáil thar a ceann, a thacaigh le dearbhuithe na bhfíricí a rinne sí. Sholáthair sí roinnt cáipéisíocht phearsanta le go leor gnéithe den mhéid a mhaígh sí a dhearbhu, agus thacaigh an fhianaise leighis a sholáthair sí go tréan leis an gcuntas a thug sí ar na deacrachtaí a raibh sí thíos leo. Dheimhnigh an Binse gurbh ionann na deacrachtaí a bhí sa mhullach uirthi agus a géarleanúint ag na húdarais ina tír dhúchais agus go bhféadfaí stádas dídeanaí a dheonú di.




### An tIonad Cáipéisíochta do Dhídeanaithe

Is seirbhís neamhspleách atá san Ionad Cáipéisíochta do Dhídeanaithe (ICD) a fheidhmíonn faoi scáth an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Is é príomhról an Ionaid seirbhís taighde agus fiosrúcháin oibiachtúil a chur ar fáil do na heagraíochtaí lárnacha a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn, ag díriú go háirithe ar Fhaisnéis faoi Thíortha Bunaidh (FTB). Is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus le gníomhaireachtaí eile úsáid a bhaint as an Ionad Cáipéisíochta do Dhídeanaithe freisin chun a gcuid taighde féin a dhéanamh. Bíonn dlúthchaidreamh oibre ag an ICD le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (ACNAD).

In 2012, chuir Seirbhís Fiosrúcháin an ICD freagra ar fáil ar 1,392 fiosrúchán ar an iomlán. Léirigh seo laghdú 6% ar 2011. Ar an meán, bhain thart ar 70% de na fiosrúcháin le Faisnéis faoi Thír Bhunaidh, agus bhí na 30% eile roinnte idir fiosrúcháin dlí/ghar-dhlí agus fiosrúcháin leabharlainne. Ba í Poblacht Dhaonlathach an Chongó an tír aonair lenar bhain an líon ba mhó fiosrúchán in 2012. Leagtar amach na príomhthíortha a ndearnadh iarratais ina leith i gCairt 4 thíos.

**Cairt 4: Fiosrúcháin an ICD 2012**





Tugtar sampla gairid den saghas faisnéise arna hiarraidh sna fiosrúcháin a fuarthas thíos:

- Céard é stádas dlí an homaighnéasachais sa Phacastáin? Cén pionóis a ghearrtar má tá sé in aghaidh an dlí? Conas a chaitheann an rialtas agus an tsochaí le homaighnéasaigh?
- Tuairiscí a rinneadh le déanaí maidir le caitheamh le daoine a iompaíonn ó loslám go dtí an Chríostaíocht sa Nigéir. Tuairiscí a rinneadh le déanaí maidir le dlí Sharia i dtaca le hiompú reiligiúnach.
- Céard é an nós imeachta le haghaidh náisiúnaigh Uganda a bhfuil Víosáí na RA á lorg acu? Cén sórt cáipéisíochta a theastaíonn?
- Faisnéis ar an ngrúpa armtha in P.D. an Chongó ar a dtugtar M23. Faisnéis faoi cheannaireacht, an líon lucht troda, gníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí, cathain a bunaíodh iad.
- Maruithe onóra agus an fháil atá ar chosaint na bpóilíní san India.
- Caitheamh le hiarrthóirí ar theip orthu tearmann a fháil chuig an Iaráin.
- Faisnéis ar an leibhéal de chaimiléireacht i measc na bpóilíní i gCamarún.
- Faisnéis ar bhagairtí báis/litreacha rabhaidh arna n-eisiúint ag an Talaban san Afganastáin.

Lean an ICD ag dlúthoibriú leis an OCID (Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe) agus le húsáideoirí eile na seirbhíse in 2012, féachaint le comhoibriú a neartú agus freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na n-úsáideoirí.

Foilsíodh dhá eagrán de thréimhseachán an ICD, *The Researcher* in 2012, agus cuireadh ar fáil iad go himheánach agus do na gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha. Rinneadh 77 pacáiste faisnéise an FTB ar ábhair speisialaithe a réiteach agus a nuashonrú i gcaitheamh 2012.

Thit gníomhaíochtaí oiliúna amach i gcaitheamh 2012 i limistéir an FTB agus ar úsáid leabharlann leictreonach an ICD agus bunachar sonraí an FTB (Ríomhleabharlann). Lean obair thionscadail Lónra an FTB i limistéar na hoiliúna in 2012. Cuireadh cúrsaí foghlama cumaiscthe ar fáil sa bhaile agus go hidirnáisiúnta do ghrúpaí de ghníomhaireachtaí tearmainn Éireannacha agus idirnáisiúnta. Ghlac an ICD páirt i dtrí thionscadal idirnáisiúnta maidir le FTB Leighis agus Tairseach FTB na hEorpa. Rinneadh iarratas rathúil ar Chiste Dídeanaithe na hEorpa chun bunachar sonraí FTB an ICD a nascad le Tairseach FTB na hEorpa in 2012, agus tá coinne leis go dtosófar leis an tionscadal seo in 2013.



## Idirghabháil Teaghlaigh

I SAMHAIN 2011, AISTRÍODH AN FHREAGRACHT I LEITH NA SEIRBHÍSE IDIRGHABHÁLA TEAGHLAIGH (SIT) GO DTÍ an Bord um Chúnammh Dlíthiúil ar achtú an Achta um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.

Tá an SIT ina seirbhís saor in aisce atá faoi rún ina gcabhraíonn idirghabhálaí gairmiúil leo siúd atá bainteach i gcliseadh teaghlaigh agus, go háirithe, lánúineacha atá i mbun idirscartha nó colscartha, atá pósta agus nach bhfuil pósta, chun téarmaí a n-idirscartha nó a gcolscartha a phlé. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le lánúineacha comhghnéis agus le lánúineacha nár chónaí le chéile cheana nó fiú nach raibh caidreamh acu le chéile ach go bhfuil leanbh acu. Cabhraíonn an t-idirghabhálaí le daoine chun cumarsáid níos fearr a dhéanamh lena chéile ar mhaithe lena leanaí agus lena gcinntí féin comhaontaithe agus feasacha a bhaint amach maidir le cuid de na saincheistanna nó iad go léir. Déileálann an SIT le líon beag cásanna lena mbaineann coimhlint idir baill eile de theaghlach (m.sh. tuismitheoirí agus leanaí, leasleanaí agus leanaí uchtaíthe, seantuismitheoirí agus garleanaí, deartháireacha agus deirfiúracha atá bainteach i ndíospóidí maidir le tuismitheoirí scothaosta, uachtanna etc.).

Is seirbhís náisiúnta í atá lonnaithe i 16 ionad; tá 5 oifig lánaimseartha ann (Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath, (Cé Urumhan faoi láthair), Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Baile Bhainséir) agus tá 11 oifig oscailte le haghaidh idirghabhála idir 2 agus 3 lá sa tseachtain. Déanfar líon na n-oifigí lánaimseartha a mhéadú in 2013.

Ó tháinig sé faoi chuimsiú shainchúram an Bhoird um Chúnammh Dlíthiúil i Samhain 2011, leagadh béim an-tréan ar liostaí feithimh na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh a laghdú ar bhonn náisiúnta lena chinntiú go gcomhlánaíonn an tseirbhís sin an tseirbhís a chuireann ionaid dlí an Bhoird ar fáil agus nach bhfuil daoine atá ag iarraidh cúrsaí a réiteach trí idirghabháil ag fanacht níos faide ná dhá mhí ar sheisiún comhairliúcháin le hidirghabhálaí. Leanadh leis an gcuispóir a bhaint amach, go ginearálta, in 2012 trí idirghabhálaithe príobháideacha ó phainéal a úsáid, san áit chuí, chun cur le hobair idirghabhálaithe buana féin an Bhoird.



Tábla 16 – Tréimhsí feithimh comparáideacha idir mí na Nollag 2012 agus mí na Nollag 2011

Oifig	Tréimhsí feithimh (míonna) amhail Deireadh na Nollag 2012	Tréimhsí feithimh (míonna) amhail Deireadh na Nollag 2011
<b>Baile Átha Cliath:</b>		
<i>Ardán Phort an Iarla</i>	4	3
<i>Tamhlacht</i>	3	6
<i>Baile Bhlainséir</i>	3	4
<i>Ráth Eanaigh</i>	3	4
Baile Átha Luain	2	3
Caisleán an Bharraigh	2	2
Corcaigh	5	1
Dún Dealgan	3	3
Gaillimh	3	3
Leitir Ceanainn	2	3
Luimneach	3	3
Port Laoise	2	4
Sligeach	3	4
Trá Lí	2	3
Port Láirge	2	2
Loch Garman	3	4

\*Ríomhtar na tréimhsí feithimh ón dáta a dhearbhaíonn an bheirt pháirtithe gur spéis leo freastal ar idirghabháil go dtí an dáta a dhéantar a gcéad choinne a chur ar tairiscint dóibh.

Lean laghdú ag teacht in 2012 ar thréimhsí feithimh i 9 n-ionad, níor athraigh siad in 5 ionad, agus tháinig méadú orthu i gCorcaigh agus in Ardán Phort an Iarla. Tá fáil á cur ar bhreis idirghabhála in oifig Chorcaí le dul i ngleic leis seo.



Tábla 17 – Líon na lánúineacha a chomhaontaíonn chun tabhairt faoi idirghabháil in 2012 agus 2011

Ionad	2012	2011
<b>Baile Átha Cliath:</b>		
<i>Baile Bhainséir</i>	158	83
<i>Ardán Phort an Iarla</i>	330	302
<i>Ráth Eanaigh</i>	87	57
<i>Tamhlacht</i>	77	80
Baile Átha Luain	89	66
Caisleán an Bharraigh	70	30
Corcaigh	178	63
Dún Dealgan	82	81
Gaillimh	138	113
Leitir Ceanainn	36	44
Luimneach	131	102
Port Laoise	98	77
Sligeach	44	38
Trá Lí	62	61
Port Láirge	73	62
Loch Garman	69	64
<b>Iomlán</b>	<b>1,722</b>	<b>1,323</b>

Tábla 18 – Soláthar seirbhíse an SIT in 2012

	Tugtha Anonn ó 2011	An Chéad Seisiún Idirghabhála ar ar Freastalaíodh	Baineadh Comhaontú Amach	An % a bhain comhaontú iomlán amach	Tugtha Anonn chuig 2013
<b>Baile Átha Cliath:</b>					
<i>Ardán Phort an Iarla</i>	144	233	113	30%	93
<i>Tamhlacht</i>	29	61	27	30%	25
<i>Baile Bhainséir</i>	18	133	42	28%	88
<i>Ráth Eanaigh</i>	44	34	26	32%	23
Baile Átha Luain	24	88	49	44%	19
Caisleán an Bharraigh	18	60	26	33%	25
Corcaigh	42	114	57	37%	52
Dún Dealgan	16	70	41	48%	22
Gaillimh	45	114	81	51%	52
Leitir Ceanainn	13	35	23	48%	15
Luimneach	59	104	51	31%	65
Port Laoise	25	70	28	29%	39
Sligeach	15	45	22	37%	23
Trá Lí	19	68	41	47%	33
Port Láirge	35	83	41	35%	12
Loch Garman	19	75	42	45%	21
<b>IOMLÁN</b>	<b>565</b>	<b>1387</b>	<b>710</b>	<b>36%</b>	<b>576</b>



## 2012 (Achoimre)

Tugadh 565 lánúin anonn ó 2011.

D'fhreastail 1,387 lánúin ar an gCéad Seisiún Idirghabhála in 2012.

Ba é líon iomlán na lánúineacha in Idirghabháil in 2012 ná 1,952 – méadú 572 lánúin ó 2011.

Bhain 710 (36%) comhaontú amach. Tugadh 576 lánúin sa phróiseas idirghabhála anonn chuig 2013.

In 2012, ba iad 65% de na lánúineacha a bhí ag iontráil sa phróiseas idirghabhála a chríochnaigh an próiseas nó a d'fhan sa phróiseas (bhain 710 comhaontú amach, lean 576 as 1,952 sa phróiseas).

## Tionscnamh tríphárteach Theach an Charnáin

Cuireadh tús leis an tionscnamh tríphárteach seo idir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Chúirteanna atá bunaithe ar an suíomh ag oifigí na Cúirte Dúiche i dTeach an Charnáin, Baile Átha Cliath i Márta 2011.

In 2012, cuireadh faisnéis ar idirghabháil ar fáil do 1,718 duine aonair, as ar bhain 748 díobh comhaontú amach ar cheisteanna a bheadh curtha os comhair Breitheamh Dúiche murach sin. Bhí sé ina chonclúid ag athbhreithniú a rinneadh ar an tionscnamh go ndearnadh coigiltí bliantúlaithe de bhreis ar €113,000 a réadú in 2012. Ina theannta sin, bhí an méid a leanas ina chonclúid:

- Tá sochair shoiléire chostais ag eascirt ón tionscnamh agus d'fhéadfaí breis cumais a chruthú agus breis coigiltí ón tionscnamh reatha amháin;
- Mhéadófaí na sochair chostais seo go mór dá ndéanfaí iad a shíneadh;
- Tá sochair shuntasacha aonair, chórais agus shochoíocha bainteach leis an gcur chuige seo;
- Bunaithe ar thaithí idirnáisiúnta, is féidir leis an gcur chuige seo tionchar suntasach a imirt ar dhaoine atá bainteach i ndíospóidí teaghlaigh. Sáraíonn na sochair na bpáirtithe sa díospóid, na leanaí, na teaghlaigh agus fiú an tsochaí, ach go háirithe;



- Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé tionchar suntasach a dhóthain a imirt ar riar an cheartais i gcásanna dlí teaghlaigh. Go suntasach, is féidir leis tionchar a imirt ar an líon cásanna a ghabhann trí chóras na gcúirteanna;
- Tá fíor-chumas aige réiteach díospóidí a thapú agus chun amhlaidh a dhéanamh níos saoire ná mar a dhéanfaí trí phróiseas na gcúirteanna;
- Cruthaíonn sé iarchoigiltí suntasacha ar sheirbhísí Stáit eile;
- Sampla iontach é de shochair chur chuige chomhtháite ag comhlachtaí Stáit a cuireann seirbhísí gaolmhara ar fáil.

### An próiseas idirghabhála ag Teach an Charnáin

Tar éis atreorú, go príomha ag an tSeirbhís Chúirteanna i dTeach an Charnáin, tugtar a gcéad choinne do dhaoine a chuireann spéis in idirghabháil in iúl agus más rud é, tar éis don dara páirtí freastal ar sheisiún faisnéise, gur mian leis an mbeirt pháirtithe dul ar aghaidh le hidirghabháil, tugtar céad choinne chomhpháirteach idirghabhála dóibh agus is féidir tús a chur leis an bpróiseas idirghabhála.

Seo a leanas na staitisticí carnacha do Sheirbhís Idirghabhála Teaghlaigh Theach an Charnáin in 2012:

Tábla 19 – Staitisticí carnacha Theach an Charnáin in 2012

	Freastalaíodh ar an 1ú Seisiún Faisnéis Teagmhála	Freastalaíodh ar an 2ra Seisiún Faisnéis Teagmhála	Freastalaíodh ar sheisiún idirghabhála	Comhaontuithe
<b>Ean</b>	125	60	67	31
<b>Fea</b>	101	64	76	27
<b>Már</b>	85	55	98	29
<b>Aib</b>	76	47	79	35
<b>Bea</b>	100	41	75	20
<b>Mei</b>	115	51	61	26
<b>Iúil</b>	96	61	71	21
<b>Lún</b>	69	47	68	35
<b>M.F.</b>	72	48	67	30
<b>D.F.</b>	95	58	79	32
<b>Sam.</b>	115	67	52	48
<b>Nol.</b>	36	34	74	40
<b>Iomlán</b>	<b>1,085</b>	<b>633</b>	<b>867</b>	<b>374</b>

**Tionscnamh Chúirt Dúiche an Náis**

Ag oibriú leis an tsamhail a bunaíodh i dTeach an Charnáin, chuir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus an tSeirbhís Chúirteanna i gCúirt Dúiche an Náis tús le tionscadal ar a raibh a mhacasamhail de struchtúr a bhí ag oibriú ó Theach Cúirte an Náis ón 10 Meán Fómhair 2012 ar aghaidh. Tá idirghabhálaí SIT ag oibriú sa Teach Cúirte ar bhonn in-situ ar an Luan agus an Mháirt agus déantar atreoruithe agus coinní tosaigh trí Chléireach na Cúirte Dúiche. A luaithe a dhéantar agus a fhreastalaítear ar an gcéad choinne faisnéise agus, déanann an t-idirghabhálaí SIT teagmháil leis an dara páirtí agus coinne faisnéis a chur ar tairiscint dóibh. Más spéis don bheirt pháirtithe leanúint leis an idirghabháil, cuirtear tús leis an bpróiseas.

Is iad seo a leanas na staitisticí carnacha ón 10 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2012:

**Tábla 20 – Staitisticí carnacha an Náis in 2012**

	M.F.	D.F.	Sam.	Nol.	Iomlán
<b>Freastalaíodh ar an 1ú Seisiún Faisnéis Teagmhála</b>	5	11	11	5	<b>32</b>
<b>Freastalaíodh ar an 2ra Seisiún Faisnéis Teagmhála</b>	3	5	7	3	<b>18</b>
<b>Freastalaíodh ar sheisiúin idirghabhála</b>	2	7	8	8	<b>25</b>
<b>Comhaontuithe</b>	2	2	5	9	<b>18</b>

**Tionscadal Idirghabhála Teaghlaigh Chorcaí (Cúirt Dúiche)**

Ó mhí Mheán Fómhair 2012, tá an SIT/an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Chúirteanna ag oibriú le chéile le tionscadal cúirtbhunaithe a shocrú i gCorcaigh agus cuireadh tús leis seo in Eanáir 2013. Is éagsúil don tionscadal seo ó na tionscnaimh i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath agus sa Nás sa mhéid nach mbeidh láithreach ag an SIT sa Teach Cúirte ach go mbeidh seisiúin faisnéise agus idirghabhála á soláthar acu óna gcuid oifigí sa Mhál Theas ach cúpla nóiméad ón Teach Cúirte trasna na habhann. Atreoróidh Cúirt Dúiche Chorcaí na páirtithe chuig an SIT.

Tá gach ceann de na tionscnaimh chúirtbhunaithe teoranta do pháirtithe a dhéanann iarratas ar orduithe Coimeádta, Rochtana, Cothabhála agus Caomhnóireachta.



### **Oiliúint Idirghabhála Teaghlaigh an SIT/OÉ, Má Nuad**

Tá oiliúint idirghabhála gairmiúla na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh creidiúnaithe ag OÉ, Má Nuad mar chuid dá dTeastas Iarchéime in Idirghabháil Teaghlaigh agus Idirghabháil Choimhlinte. Is é an clár oiliúna seo an t-aon oiliúint idirghabhála teaghlaigh tríú leibhéal atá nasctha le hOllscoil in Éirinn. Reáchtáiltear an oiliúint gach bliain ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Bealtaine. Faoi láthair, tá seisear oiliúnaithe ag an SIT do chlár 2011-2012. Cinntíonn leanúint an chlár oiliúna go ndéantar caighdeán agus líon na n-idirghabhálaithe teaghlaigh atá ar fáil le hoibriú ar conradh don SIT a choimeád agus a mhéadú.



## Scéimeanna Ad-Hoc um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil

### Cúnadh Dlíthiúil Coiriúil

Cé gur bhain sainchúram reachtúil an Bhoird um Chúnadh Dlíthiúil go príomha le cúnadh dlíthiúil sibhialta go dtí seo, chinn an Rialtas in 2010 chun sainchúram an Bhoird a fhairsingiú tríd an bhfreagracht as riar agus bainistiú na Scéimeanna éagsúla um Chúnadh Dlíthiúil a aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas chuig an mBord um Chúnadh Dlíthiúil. Dheimhnigh cinneadh an Rialtais go n-aistreofaí an fhreagracht as na Scéimeanna a leanas go dtí an Bord:

- An Scéim um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil
- Scéim Ad hoc an Ard-Aighne
- Scéim Comhairle Dlí Ad hoc Stáisiúin na nGardaí
- Scéim Ad hoc um Chúnadh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla
- Scéim Ad hoc na Cúirte Dúiche (Abhcóide).

Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus as an Scéim Ad hoc an Ard-Aighne an 1 Meitheamh 2012. Tagann caiteachas sna Scéimeanna atá luaite thuas ón Vóta Dlí agus Cirt.

Táthar ag súil go n-aistreofar an sainchúram i leith Scéim Ad hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC) go dtí an Bord in 2013. Tá coinne leis an reachtaíocht a fhorálfaidh aistriú na príomh-Scéime um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil in 2014.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an taithí a fuarthas le ceannas a ghlacadh ar na Scéimeanna go dtí seo eolas agus cúnadh don Bhord agus iad ag ullmhú don dúshlán a bhaineann le ceannas a ghlacadh ar na Scéimeanna eile agus, go háirithe, an Scéim níos fairsinge um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil.

### Scéim comhairle dlí stáisiúin na nGardaí

Cuireadh Scéim Stáisiúin na nGardaí ar bun le comhairle dlí saor in aisce a sholáthar do dhaoine atá á gcoinneáil i Stáisiúin na nGardaí agus atá i dteideal de réir critéir incháilitheachta ar leith. Is é seo a leanas an caiteachas foriomlán ar an Scéim le blianta beaga anuas:



Tábla 21 – Caiteachas ar Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí

Bliain	2012	2011	2010	2009
Caiteachas	0.9m	1.2m	1.3m	1m

Tagann caiteachas ar an Scéim seo ón Vóta Dlí agus Cirt.. Le linn 2012, an chéad bhliain iomlán inar tháinig an Scéim faoi chuimsiú a sainchúraim, rinne an Bord próiseáil ar bhreis agus 4,000 éileamh a fuarthas ó 225 gnóthas aturnaetha maidir le breis agus 8,000 comhairliúchán coimeádaí i Stáisiúin na nGardaí.

Ina theannta sin, in 2012, chuir an Bord athbhreithniú cuimsitheach i gcrích ar chur i bhfeidhm na Scéime. Ag eascairt ón bpróiseas sin, rinne an Bord cuíchóiriú ar an bpróiseas éileamh agus tugadh isteach foirm éilimh shingil chun teacht in ionad na dtrí fhoirm ar leith a bhí in úsáid. Rinne seo méadú suntasach a sholáthar in éifeachtúlacht d'éilitheoirí agus don Bhord, mar aon le laghdú suntasach ar an méid páipéar atá i mbun cúrsaíochta faoin Scéim. I gcomhar leis seo, thug an Bord Treoircháipéis nua isteach a sholáthraíonn cúlra stairiúil leis an Scéim, faisnéis a bhaineann lena forálacha agus treoir don phróiseas lena mbaineann iarratais a sheoladh isteach agus táillí a éileamh.

Le linn 2012, chomh maith, bhí an chéad bhliain iomlán inar oibríodh bunachar sonraí nua a d'fhorbairt an Bord le cur i bhfeidhm na Scéime a chur chun cinn. Éascaíonn an bunachar sonraí siúd taifeadadh cruinn na spriocdhátaí, dátaí a gcoimeáda agus na héilimh ina dhiaidh sin ar tháillí aturnaetha agus éascaíonn sé bailiú raon fairsing faisnéise agus staitisticí nach raibh fáil orthu roimhe sin ar oibriú na Scéime.



## Scéim an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil/Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí

## Tuarascáil Bhliantúil Staitistiúil 2012

Tábla 22 – Staitisticí Ginearálta

Staitisticí Ginearálta		
1	Costas iomlán éileamh neamhúdraithe (roimh cháin)	€718,739
2	Costas an mhíleáiste a údaraíodh	€13,610
3	Líon foriomlán na n-éileamh a údaraíodh	4,155
4	Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 30 den Acht um Chiontuithe in Aghaidh an Stáit, 1939 (arna leasú)	401
5	Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (arna leasú)	3,350
6	Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1996 (arna leasú)	345
7	Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007 (arna leasú)	59
8	Iomlán na n-éileamh a údaraíodh maidir le hÉisteachtaí Sínte	27
9	Costas iomlán na nÉisteachtaí Sínte	€5,568
10	Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair a údaraíodh maidir le tréimhse an lae (9am-7pm)	2,897
11	Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair a údaraíodh maidir le tréimhse na hoíche (7pm-9am)	1,289
12	Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair a údaraíodh	853
13	Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair gutháin	3,178
14	Líon iomlán na ngnóthas aturnaetha a d'údaraigh éilimh	225



Tábla 23 - Íocaíochtaí in 2012

<b>PaymÍocaíochtaí in 2012</b>	
<b>Meáníocaíocht le gnóthas aturnaetha</b>	€3,194
<b>Meánchostas in aghaidh an éilimh ag atur nae</b>	€173
<b>Meánchostas in aghaidh an chomhairliúcháin aonair</b>	€87
<b>Meánlíon na n-éileamh in aghaidh an ghnóthais aturnaetha</b>	18
<b>An costas ab airde ar éileamh aonair a próiseáladh</b>	€1,637
<b>An costas ab ísle ar éileamh aonair a próiseáladh</b>	€40

### Scéim Ad hoc an Ard-Aighne

I gcaitheamh 2012, rinneadh réimse athruithe ar Scéim Ad hoc an Ard-Aighne. Ar an gcéad dul síos, rinneadh sainchúram as riar na Scéime a aistriú chuig an mBord um Chúnadh Dlíthiúil an 1 Meitheamh 2012. Ar an dara dul síos, rinneadh cinneadh chun an fhreagracht a aistriú as buiséad na Scéime ó Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Tagann caiteachas ar an Scéim seo ón Vóta Dlí agus Cirt. Ar deireadh, rinne an Roinn an cinneadh chun an Scéim a athainmniú mar an “Scéim um Chúnadh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta” ón 1 Eanáir 2013.

Is é cuspóir na Scéime chun cúnamh dlíthiúil a sholáthar do dhaoine, faoi chúinsí áirithe, óna dteastaíonn sé, ach nach féidir leo íoc as, agus sa chás nach bhfuil an cás clúdaithe ag Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta nó ag an Scéim um Chúnadh Dlíthiúil Coiriúil. Tá rochtain ar an Scéim faoi réir mholadh na Cúirte go gcuirfí forálacha na Scéime ar fáil d’iarratasóir. Socrú riaracháin neamhrechtúil is ea an Scéim ina ndéantar íocaíochtaí maidir le costais dlí sna foirmeacha dlíthíochta a leanas:

- Iarratais Habeas Corpus (Airteagal 40)
- Rúin Bhanna na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte
- Athbhreithnithe Breithiúnach ina bhfuil certiorari, mandamus nó toirmeasc agus lena mbaineann ceisteanna coiriúla nó ceisteanna ina bhfuil saoire an iarratasóra i mbaol
- Iarratais faoi Alt 50 den Acht um Eiseachadadh, 1965, Iarratais Eiseachadta agus Barántais Eorpacha Ghabhála.



Ó glacadh freagracht as an Scéim an 1 Meitheamh 2012, thug an Bord faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Scéime agus, ag eascairt ón bpróiseas sin, thug siad líon athruithe isteach ar an mbealach a sheoltar éilimh isteach, a dhéantar breithniú orthu, agus a phróiseáiltear iad a fhad le híocaíocht. Bhí tionchar suntasach aige seo ar éifeachtúlacht na Scéime agus, d'fhonn breis feabhais a chur ar rialachas an phróisis, tá sé beartaithe Treoircháipéis chuimsitheach a thabhairt isteach ar fhorálacha na Scéime, mar aon le foirmeacha nua éilimh agus tinrimh go luath in 2013.

Ó thaobh cúrsaí neamhbhanna na Scéime, rinne an Bord 160 éileamh a phróiseáil agus a údarú ina raibh thart ar €800,000 (roimh cháin) i gceist i gcaitheamh na tréimhse an 1 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2012. Féadtar a áireamh le héilimh líon íocaíochtaí aonair le haturnaetha, abhcóidí, ateangairí agus iad siúd a sholáthair seirbhísí chun ionadaíocht a dhéanamh don Fhreagróir. Ar mhaithe le cuspóirí riaracháin, tá próiseas ar leith i gceist le haghaidh Iarratais Bhanna na hArd-Chúirte i saincheisteanna coiriúla. Faoin bpróiseas sin, próiseáladh thart ar 1,600 éileamh in 2012 ar a raibh luach iomlán €1.2 milliún. Leagtar amach thíos tuairisc ar chur i bhfeidhm na Scéime ag an mBord don tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2012 mar aon le roinnt figiúirí stairiúla caiteachais a sholáthraíonn beagán de chomhthéacs d'fhiigiúirí 2012.

**Tábla 24 – Scéim an Ard-Aighne**

<b>Scéim an Ard-Aighne Cuimsíonn na staitisticí an tréimhse idir ón 1 Meitheamh-an 31 Nollaig 2012).</b>		
1	Líon na mbeochásanna a glacadh ón Roinn an 1 Meitheamh	68
2	Líon na gcásanna nua a fuarthas sa Bhord	144
3	Líon na gcásanna nua a fuarthas ar ais ón CSSO	138
4	Líon na gcásanna nua a fuarthas ar ais ón DPP	9
5	Iomlán na gcásanna ag feitheamh le freagra ón CSSO, deireadh 2012	33
6	Iomlán na gcásanna ag feitheamh le freagra ón DPP, deireadh 2012	21
7	Líon na gcásanna a seoladh ar ais d'aturnaetha a bhí á bhfiosrú	90
8	Líon na gcásanna a údaraíodh agus a seoladh chun cinn d'íocaíocht	160
9	Meánchostas an éilimh údaraithe	€4,988
10	Luach iomlán na n-éileamh údaraithe *	€798,129

\*Chuir an Bord um Chúnamh Dlíthiúil tús le riar na Scéime an 1 Meitheamh 2012. Dá réir sin, ní chuimsíonn Tábla an LAB ach tréimhse 7 mí.



Tábla 25 – Scéim an Ard-Aighne – Caiteachas Stairiúil Bliantúil

Bliain	Táillí Abhcóidí
2006	€6,847,000
2007	€4,903,000
2008	€3,986,500
2009	€5,125,472
2010	€4,793,475
2011	€4,889,622
2012	€5,032,263

Tabhair faoi deara: Tá na staitisticí seo bunaithe ar na figiúirí aschuir dheiridh iarchánach.



## An tSeirbhís a Fhorbairt

Ceanglaíonn Plean Corparáideach 2012-2014 nua, a d'fhaomh an Bord go luath in 2012, an méid a leanas ar an mBord:

- Cur leis na tionscnaimh atá ar bun cheana féin chun feabhas a chur ar chostéifeachtúlacht agus ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

- Tionscnaimh nua seachadta seirbhíse a fhorbairt, chun dul i ngleic le héileamh méadaitheach agus béim ar an méid a leanas:

- Teicneolaíocht nua a fháiltiú, chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar riosca agus ar fheidhmíocht agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht sheachadadh na seirbhíse;
- Modhanna níos costéifeachtúla chun an tseirbhís a sheachadadh a fhorbairt, lena n-áirítear lánchumas bealaí neamhdhleathacha a bhaint amach chun díospóidí a réiteach; agus
- An cumas a fhorbairt chun limistéir nua oibre a chomhcheangal isteach in oibríochtaí na heagraíochta.

Ar chuma 2011, chruthaigh an cúlú gilleagrach le tamall anuas timpeallacht an-dúshlánach don Bhord, go háirithe i limistéar an chúnamh dhlíthiúil shibhialta. De dheasca an ollmhéadaithe atá tagtha ar éileamh ar sheirbhísí agus acmhainní laghdaithe leis an tseirbhís sin a sholáthar, ní raibh an Bord, i dtromlach ár n-ionad, in ann a sprioc a bhaint amach lena chinntiú go n-éiríonn le gach uile iarratasóir incháilithe casadh le hatarnae dá gcéad choinne laistigh de thréimhse cheithre mhí lena leanann seirbhís shubstainteach.

Mar thoradh ar na fachtóirí thuasluaite, tá méadú suntasach tugtha faoi deara ag an mBord ar thréimhsí feithimh ag ionaid dlí i gcomhair coinní nach bhfuil tosaíocht ag baint leo (féach Tábla 9). Rinne an Bord iarrachtaí bheith níos cruthaithí ina gcur chuige i leith sholáthar na seirbhíse mar aitheantas ar an tionchar a d'fhéadfadh moilleanna fada ar sheachadadh seirbhíse imirt ar iarratasóirí.



## **Tionscnaimh nua seachadta seirbhíse a fhorbairt chun dul i ngleic le héileamh méadaitheach agus an gá le seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht ar a bhfuil srian ar acmhainní**

Bhí an Bord an-fheasach ar an tionchar a imríonn tréimhsí fada feithimh ar iarratasóirí. Nuair is gá fanacht le coinne le haturnae, d'fhéadfadh réiteach fadhbanna éirí ní ba dheacra; deacrachtaí fadtéarma a chruthú maidir le caidreamh idir na tuismitheoirí atá i gceist i ndíospóid agus a leanaí; fadhbanna gaolmhara eascairt; agus tionchar a imirt ar theaghlaigh níos fairsinge agus fiú pobail níos fairsinge daoine. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo, chuir an Bord tús le próiseas 'triáise' ina mbeartaítear go mbeidh cruinniú nach faide ná 45 nóiméad ag iarratasóirí lena n-aturnae laistigh de mhí amháin tar éis iarratas a dhéanamh ar ionad dlí. Cabhraíonn seo measúnú a dhéanamh ar an bhfadhb agus breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le dul i ngleic léi. Má oireann cás do chur chuige éagsúil, mar shampla, idirghabháil, féadtar é seo a bheartú. D'fhéadfaí ndéanfaí freastail ní b'fhearr ar an iarratasóir dá ngabhaidís a fhad le heagraíocht ar nós an MABS, féadtar seo a mholadh chomh maith. Más é réiteach cúirte an cur chuige is fearr, molfar amhlaidh do dhuine, ach seachas i gcásanna tosaíochta, beidh ar an duine sin fanacht leis an tseirbhís sin. Tá an Bord airdeallach nach seo an réiteach deiridh ar an bhfadhb maidir le tréimhsí feithimh ach braitheann siad gur cur chuige oiriúnach agus daonna é i dtráth ina bhfuil ach acmhainní teoranta ar fáil.

Tá an Bord feasach, chomh maith, ar ábharthacht agus ar chastacht chásanna cúram leanaí, i.e. iarratais ag an Stát chun leanaí a ghlacadh i gcúram. Chun iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh breise sa limistéar seo a chomhlíonadh i mBaile Átha Cliath, tá beirt aturnaetha ag oibriú sa tseirbhís sin i dTeach an Charnáin faoi láthair. Fiú leis an soláthar breise seo, níl an Bord i gcónaí in ann ionadaíocht láithreach a chur ar tairiscint i gcásanna ina gcuirtear ach fógra íosta ar fáil. Anuas air sin, táimid an-fheasach go deimhin ar an gcaoi nach féidir linn ach beagán a chaitheamh den mhéid a chaitheann FSS ar na cásanna céanna, mar thoradh ar na hacmhainní atá againn.



Thug an Bord sraith nua téarmaí agus coinníollacha isteach chun abhcóidí a choimeád ón 1 Lúnasa 2012. Rinneadh seo a shaindearadh chun freastal ar riachtanais an Bhoird agus meastar, mar thoradh ar na téarmaí agus coinníollacha nua, go gcruthófar coigiltí sna blianta amach romhainn.

Thosaigh an Bord, chomh maith, leis an sineirgí idir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus na hIonaid Dlí a fhorbairt, d'fhonn a chinntiú go sainiúitear agus go n-úsáidtear na bealaí is éifeachtaí chun díospóidí a réiteach. Leagadh béim nach beag le bliain anuas ar thréimhsí feithimh a laghdú in ionaid an SIT, agus chabhraigh seo leis na cásanna oiriúnacha a aistriú gan mórán stró ó ionaid dlí chuig an SIT.

Faoi mar a luadh thuas, leanann an tionscnamh comhtháite idirghabhála lena mbaineann an tSeirbhís Chúirteanna, an SIT agus an Bord i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath le dul i mbun forbartha agus rinneadh seo a shíneadh chuig an Nás agus Corcaigh. Cruthaíonn tionscail an Charnáin coigiltí breis agus €100,000 mar aon le tionchar suntasach a imirt go dtí seo trí nach mór 500 comhaontú idirghafa.

Ó glacadh an fhreagracht as na scéimeanna ad hoc um chúnamh dlíthiúil coiriúil, d'fhorbair an Bord treoircháipéis agus foirm éilimh nua do Scéim Comhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí a chuir feabhas ar éifeachtúlacht na seirbhíse. Ina theannta sin, baineadh éifeachtúlacht níos fearr amach le Scéim an Ard-Aighne (ar a dtugtar anois an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta).



## **An cumas a fhorbairt chun limistéir nua oibre a chomhcheangal go rathúil isteach in oibríochtaí na heagraíochta**

In 2012, lean an próiseas lenar bhain an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh a chomhcheangal sa Bhord. Aistríodh an SIT chuig an mBord i Samhain 2011 agus ba é 2012 an chéad bhliain den oibríocht chomhaontaithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thréimhsí feithimh in ionaid an SIT. Rinneadh na hoibríochtaí tacaíochta go léir a lárnú agus forbraíodh sonraí nua TF anois chun tuairisciú sonrath ar a gcuid oibríochtaí a éascú. Sa bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn le húsáid a bhaint as na sineirgí idir ionaid an SIT agus na hionaid dlí agus beidh cur chuige eagraíochtúil níos mó le sonrú sa limistéar seo in 2013.

Sa mhullach air sin, lean aistriú na freagrachta as gnéithe an chúnamh dhlíthiúil choiriúil chuig an mBord in 2012 agus tháinig Scéim an Ard-Aighne (ar a dtugtar anois an Scéim um Chúnadh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta) faoi bhráid an Bhoird i gcaitheamh na bliana.

Meastar go dtiocfaidh breis feidhmeanna a bhaineann le cúnadh dlíthiúil faoi bhráid an Bhoird in 2013.

## **Úsáid éifeachtach a bhaint den teicneolaíocht**

Tá an Bord ar an eolas go bhfuil gné níos tábhachtaí déanta den teicneolaíocht le seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil a sholáthar go hidirnáisiúnta. Leag an Bord béim i rith 2012 ar bhreis forbartha a dhéanamh ar a gcóras bainistíochta cásanna agus b'ionann seo agus an tionscnamh TF ba mhó faoinar thug an Bord. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana agus tá an córas anois i bhfeidhm i ngach ionad dlí. Tháinig fadhbanna tosaigh chun solais, áfach, ach táimid muiníneach go gcuirfidh an córas go mór leis an éifeachtúlacht agus leis an bhfreagracht fhoriomlán agus lenár gcumas chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar riosca.

Bheadh an Bord ag súil leis an gcumas a bhreisfhorbairt chun faisnéis agus seirbhísí áirithe a sholáthar ar líne nuair a chuirfear obair ar an gcóras bainistíochta cásanna i gcrích ar deireadh.

I dturas an ama, forbraíodh bunachair shonraí nua maidir leis an SIT agus an dá scéim ad hoc um chúnadh dlíthiúil choiriúil atá faoi shainchúram an Bhoird anois.



## Tacú le Seachadadh Seirbhíse

De bhua a samhla gnó, bíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag brath ar struchtúr tacaíochta lárnach le soláthar seirbhísí a éascú agus a bhainistiú tríd a líonra ionaid dlí agus trí mhodhanna eile. Tá an struchtúr lárnach tacaíochta seo bunaithe i gCeannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín agus in oifig tacaíochta i mBaile Átha Cliath.

### Tacaíocht le Seirbhísí Dlí

Mar thoradh ar an timpeallacht dhúshlánach oibríthe ina bhfuil an Bord, baineann tábhacht ar leith le feidhm Rannóg Seirbhísí Dlí an Bhoird, atá bunaithe i gCathair Saidhbhín. Is iad Seirbhísí Dlí an limistéar ina bhfuil an phríomhfheidhm dhéanta cinntí maidir le deimhnithe um chúnamh dlíthiúil a dheonú nó a dhiúltú i gcásanna seachas ó ghnáthcheisteanna na Cúirte Dúiche, ina bhfuil an fheidhm faoi stiúir an ionaid áitiúil dlí. Tá deonú nó diúltú deimhnithe um chúnamh dlíthiúil á rialú ag an Acht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995, agus ag Rialacháin ghaolmhara. Anuas air sin, tá feidhm ag an aonad maidir le caiteachais bhreise ar chásanna inar eisíodh deimhniú. Tá an fheidhm dhéanta cinntí faoina dtugann Seirbhísí Dlí dírithe ar chinntiú go bhfuil na hacmhainní teoranta atá ar fáil ag an mBord dírithe ar na cásanna is oiriúnaí, amhail a cheanglaíonn an reachtaíocht. I dtráth ina bhfuil acmhainní laghdaithe agus ardéileamh, is tasc dúshlánach seo ag a bhfuil feidhm thábhachtach maidir conas a fhorbraítear airgeadas an Bhoird.

In 2012, b'ann do thart ar 3,300 deimhniú arna ndeonú ag Seirbhísí Dlí mar thoradh ar aighneachtaí a rinne ionaid dlí thar ceann iarratasóirí. Ba mhéadú beag seo ar an mbliain roimhe. Anuas air sin, dheonaigh an t-aonad thart ar 1,650 leasú ar dheimhnithe um chúnamh dlíthiúil sa bhliain. Údaruithe atá sna leasuithe seo, go héifeachtach, le haghaidh breis seirbhísí ar dheimhniú, ar nós abhcóide nó tuairisc leighis. Sa bhreis air sin, tá ar Sheirbhísí Dlí cinntí a dhéanamh chun iarratais a dhiúltú ar dheimhnithe um chúnamh dlíthiúil, sa chás gur diúltaíodh an t-iarratas ar a fhiúntas, ar aon dul le reachtaíocht rialála an Bhoird. Amhail is féidir a thabhairt faoi deara sa mhír a dhéileálann leis an gCoiste Achomhairc, bhí 172 den diúltú seo faoi réir achomharc foirmiúil in 2012, agus seasadh leis an mbunchinneadh in 183 cás.



Déanann Seirbhísí Dlí scéimeanna Cleachtóra Phríobháidigh an Bhoird a riar, chomh maith. I gcás scéim na Cúirte Dúiche, baineann íocaíocht na n-éileamh a fuarthas leis seo, de bhun deimhnithe a eisíodh, mar aon le déileáil le fiosrúcháin agus le hiarratais ar bhreis seirbhísí ó aturnaetha ar an bpainéal. Amhail a thugtar faoi deara sa chaibidil 'Seachadadh Seirbhíse', eisíodh 5,077 deimhniú de chuid na Cúirte Dúiche i rith na bliana. Is iad an t-aonad an príomhphointe teagmhála, chomh maith, le haghaidh fiosrúchán ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile, cibé acu tríd an nguthán nó ar ríomhphost. Bhain an méid teagmhála a rinneadh ar an nguthán nó trí ríomhphost le blianta beaga anuas ardleibhéal amach, a léirigh an t-ardleibhéal éilimh ar sheirbhísí an Bhoird.

### **Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta (Oibríochtaí)**

Tá an t-aonad seo freagrach as soláthar oibríochtúil seirbhísí dlí ar fud an líonra ionaid dlí. Cuireadh béim shuntasach in 2012 ar dhul i dteagmháil leis na hionaid dlí agus go háirithe chun an córas nua bainistíochta cásanna a thabhairt isteach agus a bhunú. Dhírigh teagmháil a rinneadh leis na hAturnaetha Bainistíochta ar an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní a bhí ar fáil don Bhoird agus chun bealaí a fhiosrú is féidir leis an mBord agus le hionaid dlí aonair seirbhísí a sholáthar níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Bhain fóir-thábhacht leis seo, i gcomhthéacs an mhéadaithe leanúnaigh ar éileamh ar sheirbhísí an Bhoird i gcúinsí ina bhfuil teorainn ar na hacmhainní atá ar fáil. Is éard a sholáthair faisnéis dó seo ná an t-athbhreithniú ar luach ar airgead faoinar tugadh in 2012. In 2012, bhí an tAonad freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh abhcóidí a choimeád.

### **Acmhainní Daonna**

Rinneadh tagairt cheana féin don tionchar a d'imir éileamh méadaithe agus acmhainní laghdaithe. Lean an moratóir ar earcú na seirbhíse poiblí, go háirithe, le tionchar a imirt ar chumas an Bhoird chun an t-éileamh a chomhlíonadh a bhí ar a gcuid seirbhísí. D'fhág 24 comhalta foirne, lena n-áirítear 7 n-aturnaetha, an Bord i gcaitheamh na bliana mar gheall ar scoir, éirí as agus neamh-athnuachan conarthaí cuid den fhoireann shealadach. Ba phríomhdhúshlán imlonnú lucht saothair an Bhoird i gcaitheamh na bliana, ar an ábhar sin.

Príomhghné de phróiseas pleanála lucht saothair an Bhoird, chomh maith, is ea athimlonnú na n-acmhainní foirne amhail is gá, go príomha do na limistéir sheachadta seirbhís túsline. Ina theannta sin, lean an Bord ag díriú ar bhainistíocht ghníomhach neamhláithreachta, agus mar thoradh air sin, leanann ráta aga dhíomhaoin an Bhoird, arb



ionann é agus 4.5%, bheith faoi bhun an mheáin le haghaidh an Seirbhíse Sibhialta.

I gcaitheamh 2012, b'ann d'ionchur suntasach ón Rannóg AD lena chinntiú go raibh aistriú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) chuig an mBord, a cuireadh i bhfeidhm ón 1 Samhain 2011, éifeachtach. Is éard a bhí i gceist leis seo ná déileáil le líon caidreamh tionsclaíoch agus saincheisteanna eagraíochtúla le comhtháthú gan stró na seirbhísí SIT isteach in oibríochtaí foriomlána an Bhoird.

Lean an Bord ag tacú leis an Straitéis Náisiúnta Intéirneach (JobBridge) i rith 2012 trí dheiseanna socrúchán oibre a chur ar tairiscint a mhéid le naoi mí ar fhad d'aturnaetha dífhostaithe a bhfuil Líúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu. Anuas air sin, d'éascaigh an Bord roinnt socrúchán i bhfeidhmeanna riaracháin túslíne. I rith 2012, fuair aturnaetha socrúcháin faoin scéim i gCorcaigh, Sligeach, an Cabhán, an tAonach, Cill Mhantáin, Port Laoise agus in Inis mar aon le seacht n-ionad dlí an Bhoird atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Rinneadh an fhoireann riaracháin a raibh taithí oibre á lorg acu i thart ar leath de láithreacha an Bhoird le linn na bliana.

### **Foghlaim agus Forbairt**

Cuireadh Straitéis nua Foghlama agus Forbartha i dtoll a chéile i rith 2012 chun an tréimhse trí bliana a chuimsiú a fhad le deireadh 2014. Tugann an Straitéis breac-chuntas ar conas a leanfaidh an tAonad Foghlama agus Forbartha le cultúr foghlama a chothú san eagraíocht a fhreagraíonn ar riachtanais eagraíochtúla a fhorbairt agus a bheith go hiomlán feasach ar shrianta airgeadais atá ag dul i méid.

#### *Oiliúint a Cuireadh ar Fáil*

D'eagraigh/d'éascaigh an tAonad Foghlama agus Forbartha 111 seisiún oiliúna gairmiúla (nó 1,341 lá oiliúna) le linn 2012. Bhí an ghníomhaíocht a bhí ar siúl ina méadú ar bhlianta beaga anuas, mar gheall, go príomha, ar an oiliúint a bhí i gceist leis an bhfoireann a réiteach don chóras nua bainistíochta cásanna dlí. Bhí an oiliúint a cuireadh ar fáil, ar an iomlán, dóthanach go leor chun na tosaíochtaí sprioctha eagraíochtúla foghlama agus forbartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear na riachtanais um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil (CPD) d'aturnaetha an Bhoird.



### *Iniúchadh ar Scileanna agus Cáilíochtaí*

I nDeireadh Fómhair 2012, tugadh faoi iniúchadh cuimsitheach ar líne Scileanna agus Cáilíochtaí. Chuir an anailís ar fhaisnéis a bailíodh le linn an chleachtais seo le lucht saothair an Bhoird agus le próisis phleanála chomhleantachta. Ina theannta sin, shainithin sé daoine aonair ag a bhfuil na scileanna, cáilíochtaí agus taithí chun cabhrú leis an Aonad Foghlama agus Forbartha chun oiliúint ísealchostais ar fud na heagraíochta.

### *Íocaíocht Táillí Cúrsa (Réamhíocaíocht/Aisíocaíocht Táillí le haghaidh cúrsaí Tríú Leibhéal)*

Thacaigh an Bord le 55 iarratas le haghaidh foirne a thug faoi chúrsa oideachais lasmuigh d'uaireanta oibre a léiríonn méadú suntasach ar 2011 nuair a tacaíodh le 33 comhalta foirne.

### **Comhdháil Dlí Teaghlaigh**

D'éagraigh an tAonad Foghlama agus Forbartha Comhdháil Dlí Teaghlaigh bhliantúil an Bhoird. Bhí an Chomhdháil ar bun i dTeach Cuntasóirí Cairte i mBaile Átha Cliath, inar fhreastail 152 toscaire, ar fhoireann an bhoird an tromlach díobh. Ba é téama na Comhdhála *Díospóidí um Dhlí Teaghlaigh a Réiteach – Roghanna Eile ar Dhlíthíocht*. D'oscail an Seanadóir Ivana Bacik an chomhdháil go foirmiúil agus i measc a gcainteoirí éagsúla, bhí an tUasal Muriel Walls, Cathaoirleach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, an Breitheamh Petria McDonnell, an Dr Anne Egan ó OÉ, Gaillimh, Jane Robey, Príomhfheidhmeannach Idirghabháil Teaghlaigh Náisiúnta atá bunaithe sa RA, Pádraig Ó Móráin, Iriseoir agus Donagh McGowan, Comhpháirtí, Aturnaetha Mason Hayes & Curran.

Is féidir breis sonraí ar an gcomhdháil a fháil ón láithreán gréasáin an Bhoird, [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie).

### **An Próiseas Comhpháirtíochta**

Chas Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird trí huaire in 2012. I measc na saincheisteanna a phlé an Coiste i rith na bliana bhí:

- Ról agus feidhm an Choiste Comhpháirtíochta a bhí ag teacht chun cinn;
- Athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta;
- Aistriú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh isteach sa Bhord;
- Aistriú na freagrachta as Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta agus scéimeanna gaolmhara isteach sa Bhord;



- Suíomh buiséadta an Bhoird;
- Oibriú na triáise; agus
- Teagmháil a dhéanamh le Ranna rialtais agus le máthair-Roinn an Bhoird maidir leis an gclár athchóirithe seirbhíse poiblí.

### **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

Ba é príomhdhíriú aonad TFC an Bhoird i rith 2012 cur i gcrích agus cur i bhfeidhm an chórais nua bhainistíochta cásanna dlí (EOS).

Is é an córas an stór singil le haghaidh gach iarratasóra agus sonraí bainistíochta cásanna dlí. Áirítear leis sreabhadh caighdeánach oibre, litreacha agus fasaigh le haghaidh na n-imeachtaí faoinar thug an Bord. Cuimsíonn sé bainistíocht ama, bainistíocht airgeadais, scanadh, tuairisciú, an fhéilire lárnach/dialanna agus córas meabhrúcháin. Tugann sé don fhoireann amharc ar an gcomhad iomlán cliant/cásanna ón gcéad iarratas go dtí dúnadh an chomhaid. I dteannta thabhairt isteach an EOS bhí scanadh ag gach láthair ionad dlí. Áirítear le EOS bailiú cáipéisí inar féidir saghsanna éagsúla cáipéisí (lena n-áirítear cáipéisí scanta) a chur le chéile go huathoibríoch, a innéacsú agus na leathanaigh a uimhriú. Tá leas á bhaint as na bogearraí tuairiscithe lena ngabhann EOS chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid EOS agus réimse fairsing de thuarascálacha faisnéise gnó a chruthú. Is féidir acmhainní suntasacha ama atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair chun tuarascálacha a chruthú de lámh a threorú go háiteanna eile.

Tá forbairt an chórais bhainistíochta cásanna dlí seo ar an tionscadal TFC is tábhachtaí in 2012. Tá sé, mar a tharlaíonn sé, ar an Tionscadal TFC ba mhó faoinar thug an Bord go dtí seo. Cuireadh an tionscadal “beo” i Lúnasa 2012. Tá fáil anois air ar thart ar 270 ríomhaire deisce sa Bhord.

Anuas air sin, aistríodh córais TFC na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh do líonra an Bhoird i Meán Fómhair 2012. Tacaíonn an Bord anois le líonra de chaoga a dó suíomh.

Go déanach in 2012, cuireadh tús le pleanáil ar nascadh Bhunachar Sonraí um Thír Bhunaidh an Ionaid Cháipéisíochta Dídeanaithe le tairseach um Thír Bhunaidh an AE. Rinneadh an tionscadal seo a fhaomhadh le haghaidh Chistiú an AE.



San obair leanúnach, cuireadh feabhsúcháin agus nuashonruithe i bhfeidhm ar ár gcórais reatha, lena n-áirítear córas bainistíochta an Ionaid Cháipéisíochta Dídeanaithe agus an bunachar sonraí um chúnadh dlíthiúil. Ina theannta sin, rinneadh nuashonruithe bogearraí agus cruu-earraí a chur i bhfeidhm.

### **Tacaíocht Eagraíochtúil**

In 2012, ba é an príomhdhúshlán d'Aonad Eagraíochta an Bhoird ná leanúint le 33 láthair an Bhoird a bhainistiú agus le tacú leo agus i gcomhthráth, glacadh le freagracht as 16 láthair bhreise atá á n-oibriú ag an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh. Ghlac an tAonad le bainistíocht na n-áiseanna SIT maidir le saincheisteanna léasachta, íocaíocht cíosa agus muirir sheirbhíse, saincheisteanna cothabhála agus limistéar na soláthairtí agus na seirbhísí oifige. Tá oifigí an SIT anois go hiomlán comhtháite isteach i gcórais bhainistíochta áiseanna an Bhoird.

Chuir laghduithe suntasacha leanúnacha ar chostais reáchtála dá n-ionad dlí agus oifigí riaracháin a rinneadh i mblianta roimhe ar chumas an Bhoird chun acmhainní lena raibh géarghá a atreorú i dtreo soláthar seirbhísí dlíthiúla.

### **Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

Réitigh an Bord a ndara Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta in Iúil 2011. Ina theannta sin, rinneadh plean forfheidhmithe don Scéim leasaithe a dhréachtú faoi dheireadh 2011. Ceanglaíonn an Scéim leasaithe seo ar an mBord tabhairt faoi roinnt gníomhartha atá in ainm is an fháil atá ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Bord trí Ghaeilge a chur chun cinn agus cuireann sí leis an méid a bhain an chéad Scéim amach. Tá faomhadh na Scéime ar feitheamh fhaomhadh na Roinne ach, i dturas an ama, leanann an Bord lena gceanglais a chomhlíonadh faoin gcéad Scéim agus ghlac siad bearta in 2012 chun roinnt de na hathruithe a dhéanamh ar a dtugtar breac-chuntas sa phlean forfheidhmithe don dara Scéim.

### **Comhionannas agus Míchumas**

Tá an Bord um Chúnadh Dlíthiúil go hiomlán tiomanta dá bhfreagracht chun rochtain chothrom a sholáthar ar a seirbhísí do gach duine, gan aird ar a gcúinsí nó ar a gcumas agus leanann siad lena chinntiú go gcloítear le forálacha an Achta um Míchumas, 2005 trína Straitéis Comhionannais agus Míchumais a chur i bhfeidhm. Rinneadh dul chun cinn breise



in 2012 le hinrochtaineacht ár seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear láithreán gréasáin an Bhoird, timpeallacht thógtha, formáidí inrochtana faisnéise agus beartas soláthair an Bhoird. Bíonn feidhm lárnach ag Oifigeach Idirchaidreamh Míchumais agus ag Oifigeach Rochtana an Bhoird lena chinntiú go gcomhlíonann an Bord a bhfreagrachtaí reachtúla chun seirbhísí inrochtana a sholáthar.

### **Bainistíochta Airgeadais**

Tá Aonad Airgeadais an Bhoird freagrach as bainistíocht airgeadais na heagraíochta. I rith 2012, lean an tAonad ag tacú le hobair an Bhoird trí chórais chuntasaíochta éifeachtacha a chothú. Cuireadh tuarascálacha airgeadais rialta, chomh maith le tuarascálacha treimhsiúla ina ndearnadh anailís ar chaiteachas, ar fáil don lucht Bainistíochta, don Choiste Airgeadais agus don Bhord chun cabhrú leo bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bhuiséad an Bhoird.

D'éirigh leis an Aonad an t-iniúchadh bliantúil a éascú faoina dtugtar thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

### **Iniúchadh Inmheánach**

Bhí beirt chomhaltaí foirne ag oibriú i bhfeidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird ar bhonn páirtaimseartha. Dhírigh an obair a rinne siad i mblianta roimhe seo go príomha ar scrúdú a dhéanamh ar na nósanna airgeadais sna hionaid dlí. Anuas air sin, tugadh faoi iniúchtaí ar chaiteachas na ceannoifige ar líon limistéar lena mbaineann caiteachas sa Bhord.

Bheartaigh Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird, le linn na bliana, go bhfairsingeofaí an fheidhm chun na mórthosca riosca a chur san áireamh níos mó, go háirithe iad siúd sna hionaid dlí. Rinneadh an sainchúram iniúchta inmheánaigh a fhairsingiú chun ceisteanna ar nós a dhearbhu go rabhtas ag cloí leis an reachtaíocht frithsciúrtha airgid i ngach cás ábhartha, go bhfuil cothabháil oiriúnach a déanamh ar an gclár rioscaí in ionaid agus gur eisíodh deimhnithe um chúnamh dlíthiúil i gcomhréir leis na treoirlínte.

I rith 2012, thug an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi iniúchtaí ar sheacht n-ionad dlí. Rinne an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca breithniú agus faomhadh orthu seo. Anuas air sin, rinne an Coiste faomhadh ar thuarascáil ag an Aonad ar íocaíochtaí taistil agus cothabhála laistigh den Bhord.



## Airgeadas

Léirítear ráitis airgeadais an Bhoird don bhliain 2012 in Aguisín 1.

Ioncam

Seo a leanas roinnt nótaí ar fhoinsí ioncam an Bhoird.

### **(a) Deontas i gcabhair**

Amhail blianta roimhe seo, is éard atá i bhformhór ioncam an Bhoird ná deontas i gcabhair a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. B'ionann an cistiú a sholáthair an Rialtas in 2012 agus €32.922 milliún, i gcomparáid le €30.370 milliún in 2011. Fuair an Bord líne shingil chistithe in 2012, a chiallaíonn go gcuirtear an cistiú san áireamh le haghaidh na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe i bhfigiúr 2012.

### **(b) Ranníocaíochtaí**

Íocann daoine a soláthraítear seirbhísí dlí dóibh ranníocaíocht a bhaineann lena gcuid ioncaim agus, i gcásanna áirithe, a gcuid sócmhainní caipitiúla. Is í an ranníocaíocht íosta €10 ar chomhairle dlí agus €50 ar ionadaíocht i gcúirt. Féadtar an ranníocaíocht íosta a tharscaoileadh i gcásanna cruatain. Bhí na ranníocaíochtaí a fuarthas in 2012 (€832,292) nach mór 3% níos airde ná iad siúd a fuarthas in 2011 (€809,967).

### **(c) Aisghabháil costas**

Féadfaidh an Bord an costas a aisghabháil atá ar sheirbhísí dlí a sholáthar:

- i ón bpáirtí eile i ndíospóid, cibé acu mar thoradh ar ordú cúirte nó mar chuid de chomhaontú chun díospóid a réiteach, nó
- ii ón duine a bhfuil cúnadh dlíthiúil á fháil acu, as airgead/réadmhaoin a fuair an duine mar thoradh ar sheirbhísí dlí a sholáthar.

Féadfaidh an méid costas a aisghabhtar bheith éagsúil go mór ó bhliain go bliain, go háirithe má fhaigheann duine a fuair cúnadh dlíthiúil dámhachtain le haghaidh costas i gcás ina bhfuil sé ina acmhainn ag an bpáirtí eile íoc as na costais. Ní tharlaíonn seo, go ginearálta, i gcásanna dlí teaghlaigh, a chruthaíonn tromlach riar cásanna an Bhoird. Bhí na costais a aisghabhadh in 2012 (€685,873) 30% ní b'isle ná iad siúd a aisghabhadh in 2011 (€974,331).



## Caiteachas

Nótaí iad seo a leanas ar na mórearraí caiteachais a léirítear i ráitis airgeadais 2012:

### 1) *Tuarastail*

Tháinig méadú €1,273,000 in 2012 ar thuarastail agus costais ghaolmhara. Bhí seo mar thoradh ar aistriú na foirne Idirghabhála Teaghlaigh chuig an mBord an 1 Eanáir 2012.

### 2) *Costais chóiríochta agus bhunaíochta*

Tá méadú €951,000 (26%) tagtha ar an gcaiteachas sa limistéar seo in 2012. Ba iad na costais a bhain le haistriú léasanna réadmhaoine na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh chuig an mBord ba mhó ba chúis leis seo.

### 3) *Táillí agus costais dlí*

Cuimsítear roinnt gnéithe éagsúla sa teideal seo – féach Nóta 10 leis na Cuntais – agus déantar tráchtairacht ar gach ceann de na teidil éagsúla a leanas atá faoin iomlán:

#### (i) *Táillí abhcóidí*

Tháinig méadú €142,641 (3%) ar an gcaiteachas ar tháillí abhcóidí i gcomparáid le 2011. Ba thoisic leibhéal méadaithe caiteachais maidir leis an LAB ann seo. Bheadh tionchar, chomh maith, ag an méadú ar éileamh ar chúnammh dlíthiúil sibhialta i rith 2012 ar tháillí abhcóidí.

Is ionann an fabhrú le haghaidh táillí abhcóidí, sa chás gur tugadh faoi obair ach nár lorgaíodh íocaíocht aisti, amhail an 31 Nollaig 2012 agus €4.65 milliún, suim atá 8.4% níos ísle ná an tsuim a bhí le sonrú ag deireadh 2011.

Léirítear sa tábla a leanas an treocht a bhí le sonrú sa chaiteachas ar tháillí abhcóidí maidir le cúnammh agus comhairle dlí le seacht mbliana anuas.

**Tábla 26 – Táillí Abhcóidí**

Bliain	Táillí Abhcóidí
2006	€6,847,000
2007	€4,903,000
2008	€3,986,500
2009	€5,125,472
2010	€4,793,475
2011	€4,889,622
2012	€5,032,263



**(ii) (Táillí dlí (Finnéithe saineolaíocha etc.)**

Is iad na costais cásbhunaithe seo na costais bhreise a fhabhraíonn an Bord, anuas ar tháillí abhcóidí, agus seirbhís um chúnamh dhlíthiúil sibhialta agus chomhairle dlí á cur ar fáil do mhuintir an phobail. Eascraíonn suim an chaiteachais seo faoin teideal seo ó riachtanais na gcásanna a láimhseálann an Bord in aon bhliain ar leith.

B'ann do laghdú 15% ar chaiteachas idir 2011 agus 2012.

**(iii) (Scéim na gcleachtóirí príobháideacha**

B'ionann agus €3 milliún an caiteachas ar scéim na gcleachtóirí príobháideacha in 2012, arb ionann agus ach 1% níos airde seo ná toradh 2011.

Amhail an 31 Nollaig 2012, b'ionann agus €2.537 milliún an fabhrú le haghaidh táillí cleachtóirí príobháideacha, sa chás go raibh obair fabhraithe ach nár lorgaíodh íocaíocht di. B'ionann an fabhrú le haghaidh 2011 agus €2.019 milliún.

**(iv) (iv) Táillí gairmeach eile**

Baineann costais faoin teideal seo le fostú gairmeach ag an mBord chun seirbhísí neamhspleácha comhairle dlí agus seirbhísí gairmeach eile a sholáthar don Bhord. Bhí an caiteachas in 2012 go mór ní b'airde ná caiteachas 2011. In 2012, íocadh €274,000 le hidirghabhálaithe as obair a rinneadh thar ceann na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh. Sa mhullach air sin, tá an méadú seo mar thoradh ar mhéadú ar an líon cásanna ina lorgaítear comhairle neamhspleách dlí.

**(v) (v) Costais eile**


Tugadh laghdú 4% sa chatagóir seo ar chaiteachas in 2012. B'éard ba mhó ba chúis leis seo caitheamh laghdaithe sa limistéar oiliúna agus oideachais.

**4) Riarachán ginearálta**


Bhí na costais 32% ní b'airde in 2012 agus b'ionann agus €2.121 milliún iad. Ba é aistriú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh an phríomhchúis a bhí leis an méadú.



Léiríonn an graf a leanas miondealú ar chaiteachas ag an mBord le cúig bliana anuas.



Léiríonn Cairt 6 thíos an ceangal idir maoiniú an Oireachtais agus an caiteachas iarbhír thar na deich mbliana seo a chuaigh thart:





### **Airgead sa bhanc agus ar láimh**

Léiríonn an Clár Comhardaithe go raibh €2.5 milliún ar láimh ag an mBord ag deireadh 2012. Áiríodh leis seo €0.79 milliún a bhí á choimeád thar ceann cliant. Is féidir a thabhairt faoi deara ó Nóta 14 leis na cuntais gurbh ionann tréchar chistí na gcliant in 2012 agus €4.42 milliún. Eascaíonn seo ó chásanna, mar thoradh ar chomhairle dlí nó ar ionadaíocht sa chúirt, go bhfaigheann cliant airgead ón bpáirtí eile nó ó dhiúscairt réadmhaoine. Déantar an t-airgead go léir sin a chur i dtaisce i gCuntas um Chúnadh Dlíthiúil na gCliant i dtosach báire, sula dtugtar ar ais é do chliant, lúide, i roinnt cásanna, suim maidir leis na costais a d'fhabhraigh an Bord le seirbhísí dlí a sholáthar. Tá an figiúr airgid sa bhanc, seachas ó chistí cliant, cosúil leis an leibhéal caiteachais a fhabhraíonn an Bord gach mí agus meastar gur leibhéal réasúnta cistithe é a bheith ar láimh ag aon tráth amháin.

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Ceanglaíonn Alt 4 den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ar an mBord chun íoc as soláthar earraí nó seirbhísí faoin dáta forordaithe íocaíochta. Is é an dáta seo, faoi láthair, 30 lá i ndiaidh sonrasc a fháil, nó tréimhse níos giorra, amhail a fhéadfar a shonrú i gconradh scríofa. Má theipeann ar an mBord chun íocaíocht a dhéanamh faoin dáta forordaithe íocaíochta, tá ús le híoc leis an soláthraí. Cinntíonn nósanna imeachta go gcloíonn an Bord ar gach bealach ábhartha le ceanglais an Achta. B'ionann an tsuim iomlán d'ús um íocaíocht dhéanach a íocadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i gcaitheamh 2012 agus €0.



## Aguisín 1

### Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### CLÁR ÁBHAR

	<i>Leathanach</i>
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	69
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	70
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	75
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	76
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	80
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlán	81
Clár Comhardaithe	82
Sreabhadh Airgid	83
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	84



## Ráiteas Ar Fhreagrachtaí An Bhoird

Ceanglaíonn Alt 20 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 ar an mBord, gach cuntas ceart agus gnách a choimeád ar aon airgead a fhaigheann nó a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, agus le cead an Aire Airgeadais.

Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Ciste ar aghaidh i bhfeidhm; agus
- a shonrú ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta staid airgeadais an Chiste ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Muriel Walls

Cathaoirleach

10 Nollaig 2013

David Garvey

Ball den Bhord



## AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

### An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Ar son Bhord an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, aithním go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú don eagraíocht.
2. Ní fhéadfaidh an córas sin ach dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt i leith aon earráide ábhartha. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á breithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
3. Is measc na bpríomhnósanna imeachta a chuir an Bord i bhfeidhm, atá in ainm is rialú inmheánach airgeadais a sholáthar, tá an méid a leanas:
  - Timpeallacht Rialaithe: déantar feidhmeanna bainistíochta agus feidhmiúcháin an Bhoird a tharmligean don Phríomhfheidhmeannach agus do bhainistíocht shinsearach na heagraíochta trí réitigh an Bhoird reachtúil, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar obair na bainistíochta sinsearaí, a dhéanann tuairisciú dóibh ag a gcruinnithe míosúla agus trína gcoistí éagsúla. Forbraíodh Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh in 2006 chun achoimre shoiléir agus chuimsitheach ar phríomhghnéithe an rialachais chorparáidigh a sholáthar don Bhord agus don bhainistíocht shinsearach. Rinneadh gníomhartha le comhlíonadh an Chóid leasaithe Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinntiú, a foilsíodh i Meitheamh 2009. I measc na ngníomhartha seo bhí Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh an Bhoird a leasú chun Cód Cleachtais 2009 a chur san áireamh agus d'fhaomh an t-iarBhord an Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh ag a gcruinniú i Samhain 2009. Anuas air sin, d'fhaomh an t-iarBhord Cód leasaithe Iompar Gnó le haghaidh Comhaltaí Boird i nDeireadh Fómhair 2009. Amhail a cheanglaítear faoi Chód Cleachtais 2009, d'fhorbair agus chuir an Bord Beartas Taistil i bhfeidhm le linn 2009 ina leagtar amach conas a chomhlíonann an Bord



rialacháin agus treoirínite reatha na Roinne Airgeadais maidir le taisteal agus cothabháil. Faomhadh agus cuireadh beartas um chosc ar chalaiois airgeadais don Bhord i bhfeidhm i rith 2008, lena n-áirítear, i measc rudaí eile, nósanna imeachta inar féidir le fostaithe an Bhoird, go rúnda, buarthaí a thabhairt chun solais faoi neamhrialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais agus saincheisteanna eile agus a chinntiú go dtugtar faoi na saincheisteanna siúd ar bhealach bríoch. Cuireadh i gcrích Beartas um Sholáthar Corparáideach i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh é faoi bhráid na gCoistí Airgeadais agus Iniúchta agus Bainistíochta Riosca le haghaidh faisnéise sular cuireadh i bhfeidhm é. Ceapadh an Bord reatha i Nollaig 2011 agus tugadh faisnéis iomlán don Bhord maidir lena bhfeidhmeanna agus freagrachtaí.

- Córais Faisnéise Buiséid: tá ag an mBord córas cuimsitheach buiséadta, lena n-áirítear faomhadh buiséad bliantúil agus monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha míosúla airgeadais ag an mBord reachtúil. Sa mhullach air sin, úsáidtear buiséid chun pleanáil, údarú, monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar an mbealach a dheimhnítear, a leithdháiltear agus a chaitear cistiú an Bhoird. I measc na socruithe le haghaidh rialú buiséadta, tá faisnéis rialta, ábhartha agus thráthúil a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach limistéar agus glactar gníomhartha ceartaithe nuair is gá. Coiste den Bhord iad an Coiste Airgeadais a dhéanann breithniú sonrath ar airgeadas an Bhoird agus a dhéanann tuairisciú don Bhord i dtaca le gnóthaí agus beartais airgeadais an Bhoird. Áirítear leis seo athbhreithniú ar bhuiséid agus ar thuarascálacha airgeadais, an moladh a dhéantar don Bhord i leith fhaomhadh chuntais bhliantúla an Bhoird agus breithniú sonrath a dhéanamh ar ábhair airgeadais d'fhonn moltaí oiriúnacha a dhéanamh don Bhord agus chun comhairle a chur ar an mbainistíocht. Déanann an Bord nó an bhainistíocht cinntí, de réir mar is gá, agus aird ar mholtaí agus ar chomhairle an choiste. Chas an Coiste Airgeadais le chéile sé huaire i rith 2012 agus, mar chuid dá bhfeidhmeanna, rinne siad scrúdú sonrath ar chúig



limistéar caiteachais: Cothabháil Ríomhairí; Ríomhairiú; Párolla; Cíos agus Taisteal agus Cothabháil. Le cúig bliana anuas, rinne an t-iarChoiste agus an Coiste reatha scrúdú ar 25 príomhlimistéar caiteachais. I gcaitheamh 2012, anuas ar na tuarascálacha míosúla airgeadais, rinne an Coiste breithniú ar dhá athbhreithniú ráithiúla airgeadais.

- **Bainistíocht Riosca:** ghlac an Bord le beartas Riosca Bainistíochta agus chuir siad i bhfeidhm é agus coimeádann siad Clár Rioscaí foirmiúil ina sonraítear rioscaí gnó agus maolú, rialú agus gníomhartha gaolmhara le haghaidh ghnéithe uile ghníomhaíochtaí an Bhoird trí theicnící um anailís riosca a chur i bhfeidhm dá dteicnící gnó. Cuireadh prionsabail um anailís riosca i bhfeidhm go córasach do chuspóirí gach Plean Gnó don Bhord agus tá bainistíocht riosca ina cuid lárnach den phróiseas Pleanála Gnó. Ar cheann d'fheidhmeanna Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird is ea tuairim neamhspleách a sholáthar ar leorgacht shocruithe bainistíochta riosca an Bhoird. I bhFeabhra 2009, chomhaontaigh an t-iarChoiste chun a gcuid nósanna imeachta agus téarmaí tagartha a athrú lena léiriú an tábhacht agus an díriú méadaithe ar riosca corparáideach a bhainistiú. Mar thoradh ar an athrú seo, rinneadh an Coiste a ateidealú mar an gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (an Coiste Iniúchta roimhe seo). Rinneadh ball seachtrach leis an mBord a athcheapadh don Choiste nua in Eanáir 2012. I Márta 2010, cuireadh i bhfeidhm córas foirmiúil tuairiscithe damhnaithe riosca ar aon rioscaí féideartha agus fíor-rioscaí nó ar tharlú neasteagmhas. Bhí an tuairisc bunaithe ar Chlár Rioscaí Corparáideacha an Bhoird agus déantar í a nuashonrú i gcomhar leis an gclár rioscaí ar bhonn débhlíantúil. Cuireadh an clár rioscaí agus na tuairiscí um dhamhnú rioscaí faoi bhráid an Choiste i Márta agus i nDeireadh Fómhair 2012. Ghlac an t-iarChoiste le moltaí a d'eascair ó athbhreithniú an Bhoird ar an bpróiseas iniúchta inmheánaigh i nDeireadh Fómhair 2010. Mar chuid den athbhreithniú seo, thug an Bhainistíocht faoi scrúdú ar chumas agus ar ról fheidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird agus thug siad tograí chun cinn ar an tsaincheist



seo leis an iarChoiste. Shainaithin an t-athbhreithniú, i measc rudaí eile, gur cheart dul i gcomhairle an chláir rioscaí agus gur cheart na limistéir is airde riosca a shainaithint i gcomhthéacs na bpríomhlimistéar le haghaidh scrúdú a shainaithint ag an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. In 2012, rinne an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca tograí a chomhaontú a sholáthair feidhm ní ba mhó don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh agus comhaid chliant á scrúdú. Chas an Coiste ar a chéile trí huair in 2012.

- Nósanna Imeachta: tá treoracha airgeadais ag an mBord a shainítear go soiléir, lena n-áirítear teorainneacha tarmligthe caithimh agus údaraithe agus leithdheighilt dualgas, a faomhadh ag réiteach an Bhoird reachtúil. Anuas air sin, is iad an Bord a fhaomhann caiteachais ar chonarthaí ar fiú breis agus €65,000 iad, agus cuirtear Coiste Airgeadais an Bhoird reachtúil ar an eolas ar gach conradh ar fiú breis agus €10,000 é agus ar fiú níos lú ná €65,000 é. I rith 2012, thug feidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird faoi iniúchtaí ar chuntais agus nósanna imeachta i seacht gceann d'ionaid dlí an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca ról fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh a fhairsingiú in 2012 chun scrúdú ar cheisteanna eile a áireamh in ionaid dlí, anuas ar mheasúnú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha airgeadais.
- Monatóireacht a dhéanamh ar Rialú Inmheánach: tá ag an mBord feidhm Iniúchta Inmheánaigh, a ndéanann Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird Reachtúil a gclár bliantúil iniúchta a fhaomhadh, agus i measc a bhfeidhmeanna tá athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de na rialuithe inmheánacha airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar obair agus ar mholtaí na feidhme Iniúchta Inmheánaigh agus déanann siad monatóireacht ar an ngníomh a dhéanann an bhainistíocht chun aon saincheisteanna a réiteach a sainaithníodh. Ghlac an t-iarChoiste le Cairt le haghaidh fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird go luath in 2011. Leagtar amach sa Chairt na ról agus na freagrachtaí atá ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, lena n-áirítear gnéithe



pleanála, tuairiscithe agus freagrachta a n-oibriúcháin. Sa mhullach air sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar gach mórthuarascáil a fhaigheann an Bord ó na hiniúcháirí seachtracha, lena n-áirítear freagairtí na bainistíochta orthu seo agus déanann siad moltaí ar na saincheistanna a tugadh chun solais. Tugtar comhfhreagras leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an Litir Bhainistíochta Iniúchta, agus aon saincheistanna a tugadh chun solais, chun airde an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca agus an Bhoird reachtúil, a chinntíonn go dtéitear i mbun gníomhartha ar na saincheistanna a tugadh chun solais. In 2012, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi athbhreithniú leantach i dtaca le cur i bhfeidhm mholtaí dhá iniúchta a rinneadh roimhe seo, a ndearna an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca breithniú orthu lena chinntiú go ndeachaigh an Bord i mbun na gníomhaíochta cuí. Tig liom a dhearbhú go bhfuiltear ag dul i ngleic le gach saincheist a tugadh chun solais ó thráth iniúchadh 2011 i leith agus go bhfuiltear ag glacadh leis na moltaí ábhartha. Ceanglaítear ar an gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca tuarascáil fhoirmiúil a chur i dtoll a chéile laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana féilire, ina dtugtar breac-chuntas ar a ngníomhaíochtaí, mar aon leis an gcomhairle agus na moltaí sin a mheasann siad is oiriúnach. Tugadh tuarascáil an Choiste i gcrích i bhFeabhra 2013 agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird í i gcomhar le freagairt na Bainistíochta ag a gcruinniú an 20 Márta 2013.

4. Dearbhaím i rith na bliana sin dar críoch an 31 Nollaig 2012, gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais an Bhoird.

Cathaoirleach

Dáta: 10 Nollaig 2013

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste****Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais****An Ciste Cúnaimh Dhlíthiúil**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúnaimh Dlí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 1995. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas gnóthachan agus cailteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Rinne mé m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) agus i gcomhlíonadh Chaighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

**Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais**

Baineann iniúchadh leis an bhfaisnéis faoi na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais a fháil, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaíocht nó trí earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach nó nár cuireadh agus cibé ar nochtadh iad ar bhealach sásúil nó nár nochtadh.
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

- cur i láthair iomlán na Ráiteas Airgeadais

Féachaim d'fhianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta chomh maith.

Lena chois sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile sa Tuarascáil Bhliantúil d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar mhíríteas fhollasacha nó ar neamhréireachtaí follasacha ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheadh i gceist do mo thuarascáil.

**Tuairim ar na Ráitis Airgeadais**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an Cleachtas Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil ag 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is í mo thuairim ná gur choinnigh an Bord leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Cúrsaí ar a ndéanaim Tuairisciú trí Eisceacht**

Déanaim tuairisciú trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- má thugaim aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nuair nár caitheadh suimeanna airgid chun na críocha sin ar ceapadh iad nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Bord ag cloí leis an gCód Cleachtas do Rialáil Chomhlachtaí Stáit, nó
- má thagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a stiúradh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisciú trí eisceacht.

*Seamus McCarthy*

**Seamus McCarthy**

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**12 Nollaig 2013**



## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### Ginearálta

Déanann an Bord um Chúnammh Dlíthiúil, a cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bainistíocht ar an gCiste Cúnaimh Dhlíthiúil a ndéantar foráiltear dó faoi Alt 19 den Acht um Chúnammh Dlíthiúil Sibhialta, 1995. Tá an Ciste comhdhéanta d'acmhainní airgeadais uile an Bhoird. In 2012, d'oibrigh an Bord as 33 ionad lánaimseartha agus 12 ionad pháirtaimseartha ar fud na tíre.

### Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Freagracht as an tseirbhís seo chuig an mBord i mí na Samhna 2011.

Tá caiteachas ar an tseirbhís seo san áireamh sna ráitis airgeadais mar seo a leanas;

	€ 000
<b>Tuarastail</b>	<b>1,457</b>
<b>Táillí Idirghabhála Gairmiúla</b>	<b>273</b>
<b>Costais chóiríochta agus bhunaíochta</b>	<b>841</b>
<b>Riarachán ginearálta</b>	<b>202</b>
